Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2021
(OR. en)

8095/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0105(COD)**

MI 270
ENT 75
CODEC 571

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 202 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE Maidir le táirgí innealra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 202 final.

Faoi iamh: COM(2021) 202 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2021
COM(2021) 202 final

2021/0105 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## Maidir le táirgí innealra

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 165 final} - {SWD(2021) 82 final} - {SWD(2021) 83 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Bunaítear leis an Treoir maidir le hInnealra (‘MD’ anseo feasta)[1] creat rialála chun innealra a chur ar an Margadh Aonair, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE (comhfhogasú dlíthe. Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta na Treorach maidir le hInnealra: i) saorghluaiseacht innealra laistigh den mhargadh inmheánach a áirithiú; agus ii) ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh úsáideoirí agus daoine eile atá neamhchosanta. Leantar prionsabail ‘cur chuige nua’ reachtaíocht an Aontais sa Treoir maidir le hInnealra. Tá sé scríofa d’aon ghnó sa chaoi go mbeidh sé neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a chiallaíonn go leagtar síos ann na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta (dá ngairfear ‘ceanglais sábháilteachta’ anseo feasta) atá le comhlíonadh, gan aon réiteach teicniúil sonrach a leagan síos chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Is sainceart atá ag monaróirí é an réiteach teicniúil a roghnú, rud a fhágann spás le haghaidh nuálaíochta agus le haghaidh forbairt dearaidh nua.

Le linn mheastóireacht REFIT[2] ar an treoir, dhearbhaigh na páirtithe leasmhara uile gur píosa riachtanach reachtaíochta é cé go sainaithnítear ann gur gá an Treoir a fheabhsú, a shimpliú agus a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh. Chuir roinnt Feisirí de Pharlaimint na hEorpa in iúl go dtacaíonn siad leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra. Go háirithe, tríd an ‘reachtaíocht a thabhairt isteach’ go dtí an 21ú haois agus nuálaíocht a chur chun cinn le haghaidh gheilleagar an Aontais.

Mar chuid de Chlár Oibre 2020 an Choimisiúin faoin tosaíocht ‘Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach’, an t-athbhreithniú ar Threoir 2006/42/CE maidir le hInnealra[3] ar treoir i dtaca le sábháilteacht táirgí atá inti, is rud é a chuireann leis an aistriú digiteach agus le neartú an Mhargaidh Aonair. Go deimhin, maidir le teicneolaíochtaí nua agus a dtionchar ar reachtaíocht sábháilteachta, d’fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Bán ar an Intleacht Shaorga i mí Feabhra 2020 agus ‘Tuarascáil ar na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann leis an intleacht shaorga, idirlíon na rudaí nithiúla agus an róbataic’ ag gabháil leis[4]. Is tuarascáil í ina ndearnadh anailís ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua agus ar na dúshláin a chuireann siad faoi reachtaíocht sábháilteachta an Aontais, agus is é an chonclúid ar ar thángthas inti go bhfuil roinnt bearnaí sa reachtaíocht reatha maidir le sábháilteacht táirgí, bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe, sa Treoir maidir le hInnealra, i measc bearnaí eile. Tá sé sin níos ábhartha fós i gcás téarnamh inbhuanaithe ó phaindéim COVID, ós rud é gur cuid riachtanach de thionscal na hinnealtóireachta í earnáil an innealra agus go bhfuil sí ar cheann de phríomhréimsí tionsclaíocha gheilleagar an Aontais.

D’fhonn déileáil leis na gnéithe ar leagadh béim orthu sa mheastóireacht agus a forbraíodh sa tuarascáil measúnaithe tionchair a bhaineann leis an treoir maidir le hinnealra[5], agus d’fhonn

---

1 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra.

2 SWD (2018) 160 final, *Evaluation of the Machinery Directive.* [Meastóireacht ar an Treoir maidir le hInnealra].

3 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra.

4 Le fáil ag: https://ec.europa.eu/info/publications/commission-report-safety-and-liability-implications-ai-internet-things-and-robotics-0_en

5 SWD (2021) […] final, Measúnú tionchair maidir leis an Treoir maidir le hInnealra.

freagairt do chuspóirí beartais an Choimisiúin maidir leis an digitiú, tá sé d'aidhm ag an togra seo dul i ngleic leis na fadhbanna seo a leanas:

**Fadhb 1**: Sa Treoir maidir le hInnealra, ní leor a mhéid a chumhdaítear rioscaí nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Chun cur leis an muinín a chuirtear i dteicneolaíochtaí digiteacha, ní mór don Treoir maidir hInnealra deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a mhéid a bhaineann leis na teicneolaíochtaí sin, toisc go bhféadfadh na bearnaí atá ann faoi láthair bac a chur ar chothrom iomaíochta le haghaidh monaróirí, rud a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht na Treorach maidir le hInnealra.

Tá roinnt gnéithe ag baint leis an bhfadhb seo nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Baineann an chéad fhadhb leis na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as comhar díreach idir an duine daonna agus róbait toisc go bhfuil méadú as cuimse ag teacht ar róbait chomhoibritheacha (cóbait) atá deartha chun oibriú taobh le daoine agus le fostaithe. An dara foinse riosca a d'fhéadfadh a bheith ann, is ón innealra nasctha a eascraíonn sí. Baineann an tríú hábhar imní leis an gcaoi a ndéanann nuashonruithe bogearraí difear 'd'iompraíocht' an innealra tar éis é a chur ar an margadh. Baineann an ceathrú hábhar imní le cumas na monaróirí measúnú riosca iomlán a dhéanamh ar fheidhmchláir mheaisínfhoghlama sula gcuirtear an táirge ar an margadh.  Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis na meaisíní uathrialacha agus leis na stáisiúin chian-mhaoirseachta, déantar foráil leis an Treoir reatha maidir le hInnealra i ndáil le tiománaí nó oibreoir atá freagrach as gluaiseacht meaisín. Féadfaidh an tiománaí a bheith ar iompar ag an innealra nó féadfaidh sé an t-innealra a thionlacan, nó féadfaidh sé an t-innealra a threorú trí chianrialú, ach ní chuirtear san áireamh sa Treoir nach mbeadh aon tiománaí ann, agus ní leagtar amach aon cheanglas inti maidir le meaisíní uathrialacha.

**Fadhb 2**: (i) Neamhdheimhneacht dhlíthiúil mar gheall ar easpa soiléireachta maidir leis an raon feidhme agus na sainmhínithe; agus (ii) bearnaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith i dteicneolaíochtaí traidisiúnta.

Teastaíonn deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a bheith sa Treoir maidir le hInnealra ó thaobh raon feidhme agus sainmhínithe de, rud a d'fhág go raibh roinnt deacrachtaí ag monaróirí maidir le tuiscint a fháil ar an gcreat ceart dlíthiúil ba cheart dóibh a chur i bhfeidhm. Aithníodh roinnt forluí nó míréireachtaí idir an Treoir agus reachtaíocht shonrach eile de chuid an Aontais. Maidir leis na sainmhínithe a leagtar síos sa Treoir, tháinig roinnt ábhar imní chun cinn de bharr an tsainmhínithe ar 'innealra páirtchríochnaithe', ábhair imní a bhain go háirithe leis an teorainn leis an sainmhíniú ar 'innealra', agus soiléiríodh an sainmhíniú ar 'innealra'. Thairis sin, is gá eisiamh modhanna iompair a shoiléiriú agus cur leis an gcomhleanúnachas maidir le heisiamh táirgí áirithe a chumhdaítear faoin **Treoir maidir le hÍsealvoltas** 2014/35/AE[6] nuair a bhíonn feidhm Wi-Fi ag na táirgí sin.

Ina theannta sin, is cleachtas coiteann é go modhnaítear meaisíní a chuirtear ar an margadh chun feidhm a chur leo nó feidhmíocht a fheabhsú, mar shampla. Is í an fhadhb atá ann, má dhéantar **modhnú substaintiúil** ar an meaisín gan comhaontú an mhonaróra, go mb'fhéidir nach mbeadh sí i gcomhréir a thuilleadh leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta. Ní thugtar aghaidh ar an gcás sin sa Treoir reatha maidir le hInnealra.

---

6 Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, agus é ar fáil ag: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/35/oj.

Tá roinnt ceanglas maidir le **teicneolaíochtaí traidisiúnta** nach mbaineann le teicneolaíochtaí nua ar sainaithníodh nach bhfuil siad soiléir nó sábháilte go leor, nó go bhfuil siad ró-shaintreorach agus go bhféadfaidís bac a chur ar an nuálaíocht. Baineann na ceanglais sin le suiteáil na nithe seo a leanas – fearais ardaithe, ardaitheoirí luais mhall, suíocháin, cosaint ar shubstaintí guaiseacha, línte cumhachta lastuas agus creathadh ó innealra láimhe iniompartha agus faoi threoir láimhe.

**Fadhb 3**: Forálacha neamhdhóthanacha le haghaidh meaisíní ardriosca.

Measann roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara an measúnú comhréireachta tríú páirtí a bheith níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí arda a eascraíonn as grúpaí áirithe meaisíní.

Fadhb eile is ea gur 15 bliana ó shin a dréachtaíodh **an liosta reatha de mheaisíní ardriosca in Iarscríbhinn I**, agus tá an margadh forbartha go mór ó shin. Meaisíní nach meastar a bheith ina meaisíní ardriosca a thuilleadh, is gá iad a bhaint agus/nó cinn nua a thabhairt isteach (amhail innealra um chórais IS a leabú lena gcomhlíontar feidhm sábháilteachta).

**Fadhb 4**: Costais airgeadaíochta agus chomhshaoil mar gheall ar dhoiciméid fhairsinge pháipéarbhunaithe.

Leis an Treoir maidir le hInnealra, ceanglaítear ar mhonaróirí an fhaisnéis innealra is gá a chur ar fáil, amhail treoracha. Chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag gach úsáideoir meaisín ar na treoracha, measadh gurb é soláthar leagan clóite an rogha is inmharthana. Ó shin i leith, áfach, tá méadú tagtha ar úsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha. An ceanglas leaganacha clóite a sholáthar, is rud é a mhéadaíonn na costais agus na hualaí riaracháin atá ar oibreoirí eacnamaíocha, agus a mbíonn tionchar diúltach aige ar an gcomhshaol. Mar sin féin, ní mór cuimhneamh freisin go bhfuil roinnt úsáideoirí ann nach bhfuil chomh heolach sin ar chúrsaí digiteacha, go mbíonn easpa rochtana ann ar an idirlíon i dtimpeallachtaí áirithe agus go bhféadfadh sé nach mbeadh an lámhleabhar digiteach ag teacht leis an leagan den táirge.

**Fadhb 5**: Míréireachtaí le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí.

Pacáiste beart is ea an Creat Reachtach Nua a bhfuil sé d'aidhm aige na gnéithe go léir is gá a thabhairt le chéile chun go bhfeidhmeoidh creat rialála cuimsitheach go héifeachtach ar mhaithe le sábháilteacht táirgí tionsclaíocha agus ionas go gcomhlíonfaidh na táirgí sin na ceanglais a glacadh chun leasanna éagsúla an phobail a chosaint agus ionas go bhfeidhmeoidh an margadh aonair mar is cuí. Is príomhchuspóir de chuid an Choimisiúin é reachtaíocht comhchuibhithe táirgí a chur i gcomhréir le forálacha tagartha Chinneadh 768/2008/CE. Cé gur treoir um Chur Chuige Nua cheana í an Treoir maidir le hInnealra, níl sí ailínithe go fóill leis an gCreat Nua Reachtach (CNR).

Toisc nach bhfuil an Treoir maidir le hInnealra ailínithe leis an gCreat Nua Reachtach, tá míréireachtaí ann idir í agus reachtaíocht eile an Aontais maidir le táirgí.

**Fadhb 6**: Éagsúlachtaí sa léirmhíniú mar gheall ar thrasuíomh.

An reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le hinnealra, ós rud é gur Treoir í lena dtugtar an deis do na Ballstáit na modhanna a roghnú chun na cuspóirí reachtacha a chomhlíonadh, tá léirmhínithe éagsúla déanta ar fhorálacha na Treorach maidir le feistí leighis, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus easpa comhsheasmhachta ar fud an mhargaidh aonair. Ina theannta sin, bhí moilleanna ar thrasuí na Treorach i roinnt Ballstát.

### 1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra seo ar aon dul leis an nGníomh um an Margadh Aonair[7], gníomh inar cuireadh béim ar an ngá atá le muinín tomhaltóirí a athbhunú maidir le cáilíocht táirgí ar an margadh, agus ar an tábhacht atá le faireachas margaidh a threisiú. Chun na críche sin, déantar an rialachán maidir le táirgí innealra a ailíniú le forálacha Chinneadh Uimh. 768/2008/CE[8].

Thairis sin, cuireann sé leis an comhleanúnachas le Treoir 2014/35/AE[9] maidir le hísealvoltas trína chur san áireamh ann go ndéanfar táirgí leictreacha agus leictreonacha atá eisiata ón Rialachán seo a eisiamh freisin ó Treoir 2014/53/AE maidir le trealamh raidió[10] nuair a ionchorpraíonn siad wi-fi.

### 1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra seo comhleanúnach le beartas an Aontais maidir le hintleacht shaorga (IS) agus leis an Rialachán atá le teacht maidir le hintleacht shaorga, rud lena dtabharfar aghaidh ar na rioscaí a mbeidh tionchar acu ar an tsábháilteacht i gcás córais intleachta saorga ardriosca atá leabaithe in innealra nó ar comhpháirteanna sábháilteachta iad faoin rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le hinnealra.

Ina theannta sin, tá an togra seo comhleanúnach le beartas an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil, rud lena ndéantar nasc leis na scéimeanna cibearshlándála a bheidh ann amach anseo de bhun Rialachán (AE) 2019/881 chun a léiriú go bhfuil an rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le táirgí innealra á chomhlíonadh.

Thairis sin, cuireann sé le simpliú na timpeallachta rialála.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh toisc go bhfuil sé de chuspóir ag an Rialachán ceanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le hinnealra i ngach Ballstát a chomhchuibhiú agus bacainní ar thrádáil innealra idir na Ballstáit a bhaint.

### 2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tagann prionsabal na coimhdeachta i gceist go háirithe maidir leis na forálacha nua a cuireadh isteach a bhfuil sé d’aidhm acu feabhas a chur ar fhorfheidhmiú éifeachtach Threoir 2006/42/CE agus ar chomhleanúnachas le beartas IS an Aontais. Gan rialachán lena gcuimseofaí an tAontas ar fad, d’fhéadfadh na Ballstáit ceanglais sábháilteachta éagsúla a fhorchur, rud a d’fhágfadh difríochtaí i sábháilteacht na dtáirgí le haghaidh úsáideoirí agus

---

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún, (COM(2011) 206 final).

8 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann chun táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.08.2008, lch. 82).

9 Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 35).

10 Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

monaróirí nuair atá siad ag trádáil innealra i dtíortha éagsúla. Mar shampla, na nuashonruithe bogearraí nach ndéantar foráil maidir leo i measúnú rioscaí tosaigh an mhonaróra agus a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht, chinn cuid de na húdaráis faireachais margaidh a ndeachthas i gcomhairle leo gur ghá a áirithiú go mbeadh ceanglas ann de bharr na nuashonruithe sin an meaisín a chur trí nós imeachta um measúnú comhréireachta as a dtiocfaidh marcáil CE nua. Ina theannta sin, leis an rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le táirgí innealra, leagtar síos ceanglais ar fud an Aontais arb é is bonn taca dóibh na réitigh a chuirtear ar fáil sna caighdeáin Eorpacha. I bhfianaise leibhéal na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe ar fud an Aontais, ní mór aon athrú ar raon feidhme nó ar cheanglais an rialacháin a bheidh ann amach anseo maidir le táirgí innealra a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ionas go seachnófar saobhadh an mhargaidh, rud a chruthóidh bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí agus a bhainfidh an bonn de chosaint shláinte agus fholláine an duine. Ina theannta sin, leis na forálacha nua a cuireadh isteach ailíneofar oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha, na forálacha maidir le hinrianaitheacht, na forálacha maidir le measúnú agus fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, agus maidir le faireachas margaidh.

Maidir leis an mbreisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais rannchuidítear le forbairt an Mhargaidh Aonair Inmheánaigh (agus Dhigitigh), soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta don tionscal, agus bunaítear ardleibhéal muiníne i measc úsáideoirí innealra.

**2.3. Comhréireacht**

Is í rogha 3 an rogha beartais tosaíochta - Íoslaghdú ualaí agus sábháilteacht fheabhsaithe.

Leis an rogha bheartais seo, tugtar aghaidh ar na fadhbanna sainaitheanta go léir ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, agus moltar Treoir maidir le hInnealra athbhreithnithe ann atá oiriúnach dá feidhm ní hamháin anois, ach sna blianta atá le teacht freisin, agus áirithítear comhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana maidir le sábháilteacht táirgí agus leis an gcreat IS a bheidh ann amach anseo.

I rogha bheartais 3, cuirtear ceanglais nua leis na ceanglais atá ann agus soiléirítear iad sin atá ann cheana, ar bhealach spriocdhírithe agus comhréireach, i gcás inar gá agus inar minic is infheidhme maidir le cineálacha áirithe innealra, agus sa chás sin amháin. Cuirtear soiléireacht dhlíthiúil leis an ngníomh atá ann faoi láthair maidir lena raon feidhme, lena chuid shainmhínithe agus a chuid ceanglas, lena n-áirítear iad siúd lena gcumhdaítear riosca a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua agus lena spreagtar na gníomhaíochtaí caighdeánaithe sa réimse seo, rud a fheabhsaíonn sábháilteacht agus a áirithíonn leibhéal níos airde iontaoibhe agus iomaíochais tionsclaíochta sa mhargadh (digiteach). Nithe eile a dhéantar leis is ea na meaisíní a bhfuil rioscaí móra ag baint leo a oiriúnú don úrscothacht, an rogha seiceála inmheánaí le haghaidh measúnú comhréireachta na meaisíní ardriosca a bhaint, agus comhleanúnachas iomlán a áirithiú leis an togra le haghaidh Rialachán IS. Moltar beart laghdaithe ualaigh ann , rud a bhfuil an-iarraidh air ag an tionscal, rud lena gceadaítear doiciméadacht dhigiteach agus lena n-áirithítear ag an am céanna gur féidir le húsáideoirí deiridh agus tomhaltóirí leagan clóite saor in aisce a bheith acu má iarrann siad sin'. Ar deireadh, is mó comhleanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil a bheidh ag baint leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hInnealra má ailínítear é le CNR agus má dhéantar Rialachán de. Chun comhréireacht a áirithiú, déantar an próiseas caighdeánaithe a chuimsiú leis an rogha bheartais sin trí Iarratas nua ar Chaighdeánú a eiseoidh an Coimisiún maidir le réitigh theicniúla mhionsonraithe atá le forbairt ag na comhlachtaí caighdeánaithe, agus tríd an Treoirleabhar maidir le hInnealra le haghaidh soiléiriú agus samplaí mionsonraithe.

Mar a mhínítear sa Mheasúnú Tionchair, cloíonn an rogha bheartais tosaíochta le prionsabal na comhréireachta. Na hathruithe atá beartaithe ar na ceanglais sábháilteachta spriocdhírithe, tá siad spriocdhírithe agus teoranta do chineálacha áirithe innealra: innealra lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua, innealra sonrach, agus innealra ardriosca. Os a choinne sin, is ar gach cineál innealra atá na bearta laghdaithe ualaí dírithe (amhail soiléiriú ar mhodhnú substaintiúil, doiciméadacht dhigiteach, ailíniú leis an CNR, tiontú go rialachán). Áirithítear comhréireacht freisin tríd an Treoir maidir le hInnealra a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Maidir le soiléirithe nó breiseanna i ndáil leis na ceanglais sábháilteachta, ní bheartaítear sa togra ach a laghad is féidir, agus tá siad le comhlánú ag Iarratas nua ar Chaighdeánú a eiseoidh an Coimisiún chun cumhacht a thabhairt do na comhlachtaí um chaighdeánú le réitigh theicniúla dheonacha a fhorbairt.

## 2.4. An rogha ionstraime

Is bhfoirm Rialacháin atá an togra. San athrú atá beartaithe ó Threoir go Rialachán cuirtear san áireamh cuspóir ginearálta an Choimisiúin an timpeallacht rialála a shimpliú agus an gá atá le cur chun feidhme aonfhoirmeach na reachtaíochta atá beartaithe ar fud an Aontais a áirithiú.

Ina theannta sin, is treoir chomhchuibhithe iomlán í an treoir maidir le hinnealra, rud a chiallaíonn go mbunaítear ardleibhéal sábháilteachta léi, agus nach gceadaítear do na Ballstáit oibleagáidí níos srianta a fhorchur. I ndáil leis sin, d'áiritheofaí le Rialachán, mar gheall ar a chineál dlíthiúil, nach bhforchuirfidh na Ballstáit ceanglais theicniúla náisiúnta a théann níos faide ná na ceanglais sábháilteachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir reatha agus/nó a thagann salach ar na ceanglais sábháilteachta sin.

Ní bheidh aon athrú ar an gcur chuige reachtach de thoradh an athraithe ó Threoir go Rialachán. Caomhnófar tréithe an Chur Chuige Nua go hiomlán, go háirithe an tsolúbthacht a thugtar do mhonaróirí maidir leis an dóigh a roghnaítear chun na ceanglais riachtanacha a chomhlíonadh (caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí teicniúla eile) agus maidir leis an nós imeachta a roghnaítear a úsáid chun comhlíonadh a léiriú as measc na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá ar fáil. Ní dhéanfaidh cineál na hionstraime reachtaí difear do na sásraí atá ann cheana a thacaíonn le cur chun feidhme na reachtaíochta (próiseas caighdeánaithe, meithleacha, faireachas margaidh, comhar riaracháin na mBallstát, agus cur le chéile treoirdhoiciméid) agus beidh an fheidhm chéanna acu faoin Rialachán agus atá acu faoin Treoir faoi láthair.

Ar deireadh, le húsáid Rialachán i réimse na reachtaíochta maidir leis an margadh inmheánach, i gcomhréir freisin leis an tosaíocht atá curtha in iúl ag na páirtithe leasmhara, seachnaítear an baol go mbeadh 'róriaiáil' ann. Ina theannta sin, fágann úsáid Rialachán gur féidir le monaróirí oibriú go díreach le téacs na Reachtaíochta freisin seachas ceangal a bheith orthu 27 ndlí maidir le trasuí a shainaithint agus a scrúdú. Ar an mbonn sin, meastar gurb í rogha an Rialacháin an réiteach is oiriúnaí le haghaidh gach páirtí lena mbaineann mar fágfaidh sí gur féidir an reachtaíocht atá beartaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach níos tapa agus níos comhtháite agus bunófar timpeallacht rialála níos soiléire léi le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 3.1. Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Is é an chonclúid ar ar thángthas sa mheastóireacht ar an treoir gur cheart é a bheith d'aidhm ag an athbhreithniú an méid seo a leanas a dhéanamh: i) aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua agus dul chun cinn teicniúil a cheadú ag an am céanna; ii) feabhas a chur ar shoiléireacht dhlíthiúil roinnt mórchoincheap agus sainmhínithe i dtéacs reatha na Treorach maidir le hInnealra; iii) na ceanglais maidir le doiciméadacht a shimpliú trí fhormáidí digiteacha a cheadú, agus dá réir sin an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, agus tionchar dearfach breise a imirt ar chostais chomhshaoil; iv) comhleanúnachas le Treoracha agus Rialacháin eile a áirithiú i gcás táirgí agus forfheidhmiú na reachtaíochta a fheabhsú tríd an ailíniú leis an gCreat Nua Reachtach, v) na costais a bhaineann le trasuí a laghdú tríd an Treoir a thiontú ina Rialachán.

Tá torthaí na meastóireachta curtha san áireamh sa togra.

### 3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra á ullmhú, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara lena n-áirítear na Ballstáit, cónaidhmeanna monaróirí, comhlachais tomhaltóirí agus oibrithe, comhlachtaí dá dtugtar fógra agus ionadaithe ó eagraíochtaí um chaighdeánú.

Is é a bhí sa chomhairliúchán cruinnithe le haghaidh grúpa roghnaithe saineolaithe chomh maith le comhairliúchán leis an Meitheal maidir le hInnealra agus le Grúpa Comhair Riaracháin um innealra na n- údarás um fhaireachas margaidh.

Tháinig forbairt ar thuairimí roinnt páirtithe leasmhara tar éis plé sa Mheitheal um innealra agus cruinnithe déthaobhacha, go háirithe maidir leis an ngá atá ann aghaidh a thabhairt go sainráite ar na rioscaí nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn.

- **Sainchuspóir 1: Rioscaí nua a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn a chumhdach**

Cé go measann formhór na bpáirtithe leasmhara go gcuirtear nuálaíochtaí san áireamh go leordhóthanach sa Treoir maidir le hInnealra, chuir roinnt acu in iúl go raibh imní orthu faoi na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn ar an tsábháilteacht.

- **Sainchuspóir 2: Léirmhíniú comhleanúnach ar an raon feidhme agus ar na sainmhínithe a áirithiú agus sábháilteacht le haghaidh teicneolaíochtaí traidisiúnta a fheabhsú**

Maidir leis an raon feidhme agus na sainmhínithe, d'aontaigh formhór na bpáirtithe leasmhara an t-eisiamh reatha maidir le táirgí ísealvoltais a chumhdaítear leis an Treoir Ísealvoltais (LVD) in Airt. 1.2(k) den Treoir maidir le hInnealra a chur in oiriúint do na táirgí a bhfuil feidhm Wi-Fi acu agus an sainmhíniú ar innealra páirtchríochnaithe a shoiléiriú. Maidir le hoibleagáidí measúnaithe comhréireachta a thabhairt isteach a bhaineann le modhnú substaintiúil a dhéanamh ar innealra a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís, ní hionann tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla. Maidir le hoiriúnú na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta le haghaidh innealra traidisiúnta, aontaíonn formhór na bpáirtithe

leasmhara leis a bheag nó a mhór, ach amháin i gcásanna sonracha áirithe ina measann siad nach bhfuil gá le hoiriúnú toisc go gcumhdaítear na rioscaí le reachtaíocht eile de chuid an Aontais cheana féin.

- **Sainchuspóir 3: Athmheasúnú a dhéanamh ar mheaisíní a mheastar a bhfuil ardriosca ag baint leo agus ar nósanna imeachta comhréireachta gaolmhara**

An cheist i dtaobh an mbíonn ábhair imní sábháilteachta ann mar gheall ar rogha seiceálacha inmheánacha an mhonaróra in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hInnealra, is ceist í ar tugadh meascán freagraí uirthi sa chomhairliúchán poiblí. Is minic a tagraíodh sna freagraí agallaimh, ar an láimh eile, d'oiriúnú agus do nuashonruithe rialta ar Iarscríbhinn I mar rudaí a bhféadfadh tairbhí a bheith ag baint leo.

- **Sainchuspóir 4: Ceanglais pháipéir a laghdú maidir le doiciméadacht**

Maidir le formáidí digiteacha doiciméadachta a cheadú, chuir beagnach gach grúpa páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal in iúl go bhfuil siad ar a shon sin. Tá formhór na mBallstát agus na n-eagraíochtaí tomhaltóirí ar son formáid pháipéir a áirithiú freisin.

- **Sainchuspóir 5: Comhleanúnachas a áirithiú le reachtaíocht eile maidir le sábháilteacht táirgí**

Tugadh tacaíocht beagnach uilíoch d'ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua.

- **Sainchuspóir 6: Seachaint éagsúlachtaí sa léirmhíniú a eascraíonn as trasuí**

Na héagsúlachtaí i ndáil le léirmhíniú na treorach maidir le hinnealra a d'fhéadfadh eascairt as trasuí, is mian le formhór na bpáirtithe leasmhara iad a laghdú agus luaigh siad buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an Treoir a thiontú ina Rialachán. I gcás monaróirí, d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar an tiontú sin laghdú ar chostais bhreise a bhaineann le difríochtaí sa léirmhíniú ar fud na mBallstát.

### 3.3. Saineolas a bhailiú agus a úsáid - Measúnú tionchair

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hinnealra. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) tuairim ar an dréachtmheasúnú tionchair an 5 Feabhra 2021. Tuairim an Bhoird chomh maith leis an Measúnú Tionchair deiridh agus achoimre feidhmiúcháin an Bhoird, tá siad á bhfoilsiú in éineacht leis an togra seo.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh, rinneadh ceithre rogha a scrúdú agus a chur i gcomparáid le chéile sa mheasúnú tionchair chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Treoir maidir le hInnealra.

**Rogha 0 Bunlíne – 'gan athrú'**

Ligfeadh an rogha sin don phróiseas caighdeánaithe forbairt mar is gnách, gan rioscaí béime ar leith a bheith ann a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua, agus gan aon bhéim ar leith a bheith ar réimsí ina dteastaíonn feabhsú a bhaineann le teicneolaíochtaí traidisiúnta. Ina theannta sin is rogha í lena ndéanfaí athbhreithniú ar an 'Treoirleabhar i dtaca leis an Treoir maidir le hInnealra a chur i bhfeidhm' tríd an ngnáthphróiseas, rud lena mbainfeadh uaillmhian theoranta agus nach mbeadh brú ar leith dá bharr teacht ar comhdhearcaidh.

**Rogha 1 Féinrialáil de réir tionscail agus athruithe ar an Treoirleabhar**

Ní dhéanfadh an rogha seo aon athrú ar an ngníomh reatha. Thabharfaí isteach soiléirithe sa 'Treoirleabhar i dtaca leis an Treoir maidir le hInnealra a chur i bhfeidhm' agus bheadh brú ann teacht ar chomhdhearcadh chun na príomhfhadhbanna mar a thuairiscítear iad i roinn 1.1

a shoiléiriú, nuair is féidir. Thabharfaí aghaidh ar rioscaí nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua (chomh maith le rioscaí áirithe a eascraíonn as teicneolaíochtaí traidisiúnta) trí iarraidh nua ar chaighdeánú ón gcoimisiún a eisiúint chun an gnáthphróiseas caighdeánaithe a spreagadh.

**Rogha 2 Íoslaghdú ualaigh**

Is í an réasúnaíocht is bun leis an rogha seo ualach na n-oibreoirí eacnamaíocha a laghdú. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an rogha seo soiléireacht dhlíthiúil roinnt forálacha a mhéadú agus roinnt oibleagáidí riaracháin a shimpliú.

Mar sin féin, chun ualach na n-oibreoirí eacnamaíocha a íoslaghdú, ní bheadh aon oiriúnú ar na ceanglais sábháilteachta le haghaidh táirgí, agus dá bhrí sin ní bheadh aon athrú ar oibleagáidí na monaróirí maidir leis an innealra a dhearadh agus a mhonarú. Thabharfaí aghaidh ar na rioscaí nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua (chomh maith le rioscaí áirithe a eascraíonn as teicneolaíochtaí traidisiúnta) trí iarraidh thiomnaithe ar chaighdeánú ón gcoimisiún a eisiúint chun an gnáthphróiseas caighdeánaithe a chur chun cinn a mhéid is féidir.

**Rogha 3 Íoslaghdú ualaigh agus sábháilteacht fheabhsaithe**

Tá sé d'aidhm ag an rogha seo freisin soiléireacht dhlíthiúil roinnt forálacha a mhéadú agus roinnt oibleagáidí riaracháin a shimpliú. Ina theannta sin, féachtar leis an rogha seo leis an tsábháilteacht a fheabhsú trí na ceanglais sábháilteachta a oiriúnú agus an measúnú comhréireachta a chur in oiriúint don riosca a bhaineann leis an táirge innealra, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua.

Cinneadh gurb í rogha 3 an rogha is fearr ar na cúiseanna seo a leanas:

Ciallaíonn rogha 0 nach ndéanfaí aon ghníomh agus nach dtabharfaí aghaidh ar na fadhbanna agus ar na saincheisteanna a sainaithníodh, agus an baol ann nach dtabharfaí aghaidh ar na fadhbanna ná ar na cuspóirí.

Le rogha 1, baintear torthaí teoranta amach. Ní rogha í lena gcinntítear freagairt éifeachtach ar na fadhbanna.

Le rogha 2, cuirtear borradh faoin iomaíochas tríd an ualach ar mhonaróirí a íoslaghdú, gan líon na dtáirgí neamhshábháilte sa mhargadh a laghdú.

Os a choinne sin, le rogha 3 cuirtear leis an iomaíochas tríd an ualach atá ar mhonaróirí a íoslaghdú, agus ina theannta sin cuirtear leis an tsábháilteacht trí cheanglais a shoiléiriú nó ceanglais nua a chur leis an méid atá ann cheana. Tá costais bhreise ag baint leis sin maidir le comhlíonadh, ach tá tairbhí ag baint leis freisin i ndáil le táirgí nach bhfuil chomh contúirteach sin sa mhargadh. Is í sin an rogha is oiriúnaí don todhchaí freisin mar go dtugtar aghaidh léi ar na rioscaí a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua.

### 3.4. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Is éard atá i gceist le hailíniú le CNR an treoir a fheidhmiú agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, sin agus simpliú ualaigh freisin le haghaidh monaróirí a dhéileálann le roinnt gníomhartha sábháilteachta táirgí a bhfuil feidhm acu maidir lena gcuid táirgí (e.g. innealra a bhfuil feidhm ag an dá threoir a leanas maidir leis – treoir maidir le hinnealra, agus an treoir maidir le trealamh raidió. ). Déantar próiseas na nósanna imeachta cosanta a chuíchóiriú leis, trí ligean do na monaróirí agus do na Ballstáit a bheith páirteach sula dtugtar fógra don

Choimisiún, agus trí chinneadh ón gCoimisiún a spreagadh sa chás ina mbeidh easaontas idir na Ballstáit agus sa chás sin amháin.

Gné eile a bhaineann leis an simpliú is ea an chomhlántacht idir na tograí dlí IS agus na tograí dlí maidir le hinnealra, tograí ina dtarmligeann an rialachán IS an measúnú comhréireachta chuig an innealra, ionas nach ndéanfar an measúnú riosca le córais IS le haghaidh an innealra ina iomláine ach amháin tríd an rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le táirgí innealra.

Ar deireadh, leis an athrú ó threoir go rialachán, seachnófar trasuí na mBallstát agus áiritheofar comhleanúnachas maidir le léirmhíniú an ghnímh dhlíthiúil agus maidir lena chur chun feidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéanfaidh an togra aon difear do bhuiséad an Aontais.

## 5. GNÉITHE EILE

### 5.1. Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh na bhforálacha nua sin d'fhonn a n-éifeachtacht a mheas. Leis an rialachán, iarrfar ar an gCoimisiún meastóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh agus tuarascáil phoiblí ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

### 5.2. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

**Raon feidhme agus sainmhínithe**

Tá raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe mar an gcéanna ach soiléirítear é tríd an ábhar a chur isteach in Airteagal 1, foclaíocht an raoin feidhme a oiriúnú agus fleasc nua a chur isteach sa sainmhíniú ar innealra lena n-áirítear cóimeáil nach bhfuil in easnamh uirthi ach uaslódáil bogearra atá beartaithe a chur i bhfeidhm san innealra sin go sonrach, ionas go mbeidh cosc ar mhonaróirí an t-innealra sin a aicmiú mar innealra nach bhfuil ach páirtchríochnaithe. Thairis sin, soiléiríodh an sainmhíniú ar chomhpháirt sábháilteachta freisin chun comhpháirteanna neamhfhisiciúla amhail bogearraí a chur san áireamh.

Tá sainmhíniú nua ar mhodhnú substaintiúil ann lena áirithiú go bhfuil innealra, a chuirtear ar an margadh agus/nó a chuirtear i seirbhís, agus a bhfuil modhnuithe substaintiúla déanta air, go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta atá in Iarscríbhinn III.

Ina theannta sin, cuireadh na sainmhínithe ginearálta ar Chinneadh CNR 768/2008/CE isteach.

Soiléirítear leis an Rialachán freisin cur i bhfeidhm reachtaíocht shonrach chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais nuair nach ndéantar na rioscaí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu san innealra a bheartú in Iarscríbhinn III.

**Eisiaimh**

An díolúine maidir le modhanna iompair de bhóthar, leathnaítear é ionas go gcumhdaítear nithe eile leis chomh maith le reachtaíocht chineálcheadaithe an Aontais, rud a dhéantar chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú. Déantar sin ar mhaithe le cosc a chur ar fheithiclí nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht sin a chumhdach mar réamhshocrú leis an reachtaíocht maidir le hinnealra, toisc nach bhfuil sé i gceist leis an reachtaíocht sin rioscaí a rialú seachas na rioscaí a eascraíonn as feidhm an innealra (amhail sábhadh, tochailt, etc.), agus nach rialaítear léi na rioscaí a bhaineann go heisiach lena feidhm daoine ná earraí a iompar. Ina theannta sin, maidir leis an díolúine ar an liosta táirgí leictreacha agus leictreonacha a rialaítear leis an Treoir maidir le hÍsealvoltas, ós rud é go bhfuil feidhmeanna Wi-Fi á n-ionchorprú de réir a chéile i gcuid de na táirgí sin, e.g. meaisíní níocháin, agus go gcumhdaítear iad, dá bhrí sin, mar threalamh raidió le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [11], ba cheart na táirgí sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo freisin.

**Innealra ardriosca**

Bunaítear leis an togra rialacha aicmithe le haghaidh innealra ardriosca ar rialacha iad lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta innealra ardriosca in Iarscríbhinn I a oiriúnú. Tá an liosta sin imithe as feidhm agus is gá é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus don chineál nua innealra a mbaineann ardriosca leis, amhail innealra lena mbaineann feidhmeanna sábháilteachta lena n-áirithítear IS.

**Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha**

Ionchorpraítear sa togra oibleagáidí le haghaidh monaróirí, allmhaireoirí agus dáileoirí atá le hailíniú le Cinneadh 768/2008/CE faoi CNR. Soiléireofar leis sin na hoibleagáidí éagsúla, oibleagáidí atá comhréireach le freagrachtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha. Ina theannta sin, nuair a dhéantar innealra a mhodhnú go substaintiúil de réir an tsainmhínithe, déantar monaróir den té a mhodhnaíonn an t-innealra agus ní mór dó na hoibleagáidí ábhartha a chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuil slabhra soláthair an innealra ag dul i gcastacht, tá oibleagáid ghinearálta ann maidir le comhar tríú páirtithe a bhfuil baint acu le slabhra soláthair an innealra, chomh maith le cuid na n-oibreoirí eacnamaíocha de na hoibleagáidí.

**Toimhde comhréireachta innealra**

Is rud é atá ann i gcónaí go nglactar le comhréireacht innealra nuair a dhéanann monaróirí na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha atá foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó codanna de na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, chun an toimhde comhréireachta a áirithiú i gcás nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ann, tabharfar de chumhacht don Choimisiún sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh. Rogha chúltaca a bheidh ann sin nach n-úsáidfear ach amháin i gcásanna nach mbeidh na comhlachtaí um chaighdeánú in ann caighdeáin a sholáthar nó caighdeáin a sholáthar nach bhfreagraíonn don iarraidh ón gCoimisiún ar chaighdeánú ná do na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta atá in Iarscríbhinn III.

---

[11] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

**Measúnú comhréireachta**

Rogha seiceála inmheánaí an mhonaróra, is rud í a choimeádtar sa togra i dtaca le hinnealra nach bhfuil aicmithe mar innealra ardriosca. I gcás innealra ardriosca, áfach, ós rud é go gcuirfear Iarscríbhinn I in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch nuair is gá agus d'ailíniú an CNF, ní ghlacfar ach le deimhniúchán tríú páirtí, fiú nuair a chuireann monaróirí na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha i bhfeidhm.

Déanann an togra na modúil chomhfhreagracha a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Cinneadh CNR 768/2008/CE.

**Comhlachtaí dá dtugtar fógra**

Tá sé ríthábhachtach go bhfeidhmeodh comhlachtaí dá dtugtar fógra i gceart ionas go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta agus ar mhaithe le muinín gach páirtí leasmhair as córas an Chur Chuige Nua. Dá bhrí sin, de réir an Chinnidh CNR, leagtar amach sa togra ceanglais d'údaráis náisiúnta atá freagrach as comhlachtaí um measúnú comhréireachta (comhlachtaí dá dtugtar fógra). Cuirtear an fhreagracht deiridh ar an mBallstát féin maidir le comhlachtaí dá dtugtar fógra a ainmniú agus faireachán a dhéanamh orthu.

**Faireachas margaidh an Aontais, rialú ar innealra a thagann isteach i margadh an Aontais agus nós imeachta cosanta an Aontais**

Comhtháthaítear sa togra forálacha Chinneadh CNR 768/2008/CE. Neartófar leis sin an faireachas margaidh agus soiléireofar an nós imeachta clabhsúir cosanta. Ní bheidh gá le cinntí ón gCoimisiún maidir le bearta a dhéanfaidh na Ballstáit i leith táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais ach amháin mura n-aontaíonn Ballstáit eile leis an mbeart sin, rud a dhéanfaidh obair an Choimisiúin a shimpliú.

**Ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta (EHSRanna) le haghaidh an innealra thraidisiúnta:**

Leis an Rialachán atá beartaithe, déantar na EHSRanna seo a leanas a chur in oiriúint nó a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha innealra:

**1.1.2.** Cuireadh **prionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta** in oiriúint le go mbeadh úsáideoirí an innealra in ann feidhmeanna sábháilteachta an innealra a thástáil**.**

Rinneadh **1.6.1 maidir le cothabháil** a chur in oiriúint chun tarrtháil thráthúil agus shábháilte a éascú nuair a bhíonn oibreoirí sáinnithe sa mheaisín.

**Doiciméadacht dhigiteach: Le EHSR 1.7.4 maidir le treoracha agus Iarscríbhinn V maidir le dearbhú comhréireachta an mhonaróra** is féidir le monaróirí treoracha digiteacha agus an dearbhú comhréireachta a chur ar fáil. Mar sin féin, tá formáid pháipéir éigeantach má iarrtar sin.

Táthar tar éis **EHSR 1.7.4 maidir le treoracha** a chur in oiriúint tuilleadh chun faisnéis a iarraidh faoi astaíochtaí substaintí guaiseacha ón innealra agus **EHSRanna 2.2.1.1 agus 3.6.3.1 maidir le creathadh ó innealra láimhe iniompartha agus innealra lámhthreoraithe** a chur in oiriúint tuilleadh chun na treoracha maidir le creathadh a chur in oiriúint ionas go laghdófar a mhéid a tharlaíonn díobháil cheirde.

Cuireadh **EHSR 2.2 maidir le hinnealra láimhe iniompartha agus/nó innealra lámhthreoraithe** in oiriúint chun astaíochtaí substaintí guaiseacha a ghabháil nó a laghdú.

**Roinn 3 maidir le rioscaí i ngeall ar shoghluaisteacht innealra a chúiteamh**, cuireadh in oiriúint í chun aghaidh a thabhairt ar na **rioscaí maidir le meaisíní uathrialacha agus stáisiúin chianmhaoirseachta.**

**EHSR 3.2.2 maidir le suíocháin le haghaidh innealra soghluaiste** cuireadh in oiriúint é chun cur le sábháilteacht an tiománaí.

**EHSR 3.5.4 maidir le rioscaí teagmhála le línte cumhachta beo lastuas**, cuireadh isteach é chun tionóiscí a sheachaint nuair a dhéanann innealra teagmháil le línte lastuas.

**EHSR 6.2 maidir le gléasanna rialaithe**, cuireadh in oiriúint é sa chaoi go gceadaítear, nuair is féidir, úsáid a bhaint as gléasanna rialaithe eile seachas gléasanna 'brúigh go mbí tú ag bogadh' ar ardaitheoirí ar luas mall, rud a fhágann gur féidir a bheith i mbun nuálaíochta.

**Fearais ardúcháin a shuiteáil:** d'fhonn gníomhaíochtaí faireachais margaidh a éascú, ní chuirfear le **dearbhú comhréireachta** an mhonaróra seoladh na háite ina bhfuil an meaisín suiteáilte go buan ach le haghaidh innealra ardúcháin atá suiteáilte i bhfoirgneamh nó i struchtúr.

**Ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta le haghaidh innealra a bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha nua ag baint leis:**

**Sa mheasúnú riosca** nach mór do mhonaróirí a dhéanamh sula gcuirtear an t-innealra ar an margadh/sula gcuirtear i seirbhís é, ní mór a áireamh freisin na rioscaí a thiocfaidh chun cinn tar éis an t-innealra a chur ar an margadh mar gheall ar a iompraíocht neamhspleách a bhíonn ag síorathrú.

**Cibearshlándáil a mbíonn tionchar aici ar an tsábháilteacht**

Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí mailíseacha tríú páirtí agus a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht an innealra, cuireann an togra **EHSR 1.1.9** nua leis na EHSRanna agus soiléiríonn sé**EHSR1.2.1** maidir le sábháilteacht agus iontaofacht na gcóras rialaithe.

**Idirghníomhaíocht idir an duine agus innealra**

Tá meaisíní ag éirí níos cumhachtaí agus níos uathrialaithí, agus is í cuma an duine dhaonna, nó geall léi, atá ar chuid acu, rud fhágann gur gá na EHSRanna a bhaineann leis an teagmháil idir an duine agus an t-innealra a chur in oiriúint, i.e. **EHSR 1.1.6** maidir leis an eirgeanamaíocht agus **EHSR 1.3.7** maidir le rioscaí a bhaineann le páirteanna gluaisteacha agus an strus síceolaíoch.

**Innealra lena mbaineann acmhainneacht a bhíonn ag síorathrú**

Cé go rialófar rioscaí an chórais IS le reachtaíocht an Aontais maidir le IS, ní mór a áirithiú leis an togra go mbeidh an t-innealra uile sábháilte, agus a chur san áireamh chuige sin na hidirghníomhaíochtaí idir na comhpháirteanna innealra, lena n-áirítear na córais IS. Maidir leis sin, cuireadh na EHSRanna seo a leanas in oiriúint: prionsabail ghinearálta **1.1.6** maidir leis an eirgeanamaíocht, **1.2.1** maidir le sábháilteacht agus iontaofacht na gcóras rialaithe agus **1.3.7** maidir le rioscaí a bhaineann le páirteanna gluaisteacha agus an strus síceolaíoch.

**Inrianaitheacht sábháilteachta innealra**

A luaithe a chuirtear an t-innealra ar an margadh, braitheann sábháilteacht innealra níos mó de réir a chéile ar iompraíocht na mbogearraí. D'fhonn tacú leis an bpróiseas measúnaithe comhréireachta agus leis an bhfaireachas margaidh, cuireadh roinnt ceanglas nua le **EHSR 1.2.1** maidir le sábháilteacht agus iontaofacht na gcóras rialaithe agus leis an bhfaisnéis a cheanglaítear sa chomhad teicniúil in **Iarscríbhinn IV.**

**Gníomhartha cur chun feidhme**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis an togra gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú. Glacfar

na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis na forálacha maidir le gníomhartha cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú na mBallstát ar fheidhmiú chumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin.

**Gníomhartha tarmligthe**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis an togra gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta d'innealra ardriosca in Iarscríbhinn I a chur in oiriúint chun dul chun cinn an eolais theicniúil nó na fianaise eolaíche nua agus an liosta táscach comhpháirteanna sábháilteachta in Iarscríbhinn II a chur san áireamh.

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh na bhforálacha nua sin d'fhonn a n-éifeachtacht a mheas. Leis an rialachán, iarrtar meastóireacht agus athbhreithniú rialta ar an gCoimisiún agus tuarascáil phoiblí ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

**Forálacha críochnaitheacha**

Is 30 mí tar éis don Rialachán beartaithe teacht i bhfeidhm a bheidh sé inchurtha i bhfeidhm, rud a thabharfaidh a ndóthain ama do mhonaróirí, do chomhlachtaí dá dtugtar fógra agus do na Ballstáit dul in oiriúint do na ceanglais nua. Mar sin féin, ní mór an nós imeachta um chlásal cosanta a chur i bhfeidhm go gairid tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo chun an sásra a shimpliú. Tá forálacha idirthréimhseacha beartaithe maidir le táirgí a mhonaraítear agus leis na deimhnithe a eisíonn comhlachtaí dá dtugtar fógra faoi Threoir 2006/42/CE chun gur féidir stoic a shú isteach agus chun aistriú rianúil chuig na ceanglais nua a áirithiú. Déanfar Treoir 2006/42/CE a aisghairm agus cuirfear an Rialachán atá beartaithe ina hionad.

2021/0105 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Maidir le táirgí innealra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Treoir 2006/42/CE[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhthéacs bhunú an mhargaidh inmheánaigh chun ceanglais sláinte agus sábháilteachta le haghaidh innealra i ngach Ballstát a chomhchuibhiú agus chun bacainní ar thrádáil innealra idir na Ballstáit a bhaint.

(2) Is cuid thábhachtach de thionscal na hinnealtóireachta í earnáil an innealra agus tá sí ar cheann de phríomhréimsí tionsclaíocha gheilleagar an Aontais. An costas sóisialta a bhaineann leis an líon mór tionóiscí arb í úsáid an innealra is cúis dhíreach leo, is féidir é a laghdú ach an t-innealra a dhearadh agus a thógáil ar shlí atá sábháilte inti féin, sin agus leis an tsuiteáil agus an chothabháil cheart.

(3) Is léir ón taithí a fuarthas de bharr chur chun feidhme Threoir 2006/42/CE go bhfuil easnaimh agus míréireachtaí ann maidir leis an gcumhdach táirgí agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta. Is gá, dá bhrí sin, na forálacha a leagtar amach sa Treoir sin a fheabhsú, a shimpliú agus a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh agus rialacha soiléire a sholáthar i ndáil leis an gcreat ina bhféadfar táirgí innealra a chur ar fáil ar an margadh.

(4) Na rialacha lena leagtar amach na ceanglais maidir le táirgí innealra, go háirithe na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, ós rud é gur gá iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i leith na n-oibreoirí go léir ar fud an Aontais, agus gur gá nach mbeidh deis ag na

---

[1] IO C […], […], lch. […].

[2] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

Ballstáit iad a chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla, ba cheart rialachán a chur in ionad Threoir 2006/42/CE.

(5) Is iad na Ballstáit atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht daoine, go háirithe oibrithe agus tomhaltóirí agus, i gcás inarb iomchuí, ainmhithe clóis agus réadmhaoine, a chosaint ar a gcríoch féin, go háirithe i ndáil leis na rioscaí a eascraíonn as úsáid an innealra. Chun amhras a sheachaint, ba cheart a mheas gur ainmhithe de na hainmhithe clóis atá in ainmhithe feirme.

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa[3], leagtar síos rialacha maidir le creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta, soláthraítear creat chun faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí agus chun táirgí ó thríú tíortha a rialú, agus leagtar síos prionsabail ghinearálta na marcála CE. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le táirgí innealra a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun a áirithiú go ndéanfaidh na táirgí sin, a thairbhíonn de shaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas, ceanglais a chomhlíonadh lena gcuirtear ardleibhéal cosanta ar fáil do leasanna an phobail amhail sláinte nó sábháilteacht daoine agus, más iomchuí, sábháilteacht ainmhithe clóis agus slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil.

(7) Leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] na rialacha maidir le faireachas margaidh agus rialú táirgí a thagann isteach i margadh an Aontais. Tá feidhm ag an Rialachán sin cheana maidir le hinnealra, ós rud é go liostaítear Treoir 2006/42/CE in Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

(8) Leagtar síos le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] na prionsabail choiteanna agus forálacha tagartha coiteanna a bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith acu síos tríd an reachtaíocht earnála. Chun comhsheasmhacht le reachtaíocht earnála táirgí eile a áirithiú, is iomchuí forálacha áirithe den Rialachán seo a ailíniú leis an gCinneadh sin, a mhéid nach n-éilíonn sainiúlachtaí earnála réiteach éagsúil. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhínithe áirithe, oibleagáidí ginearálta oibreoirí eacnamaíocha, na rialacha maidir le toimhde comhréireachta, na rialacha maidir le dearbhú comhréireachta an Aontais, na rialacha maidir le comhartha CE, na ceanglais maidir le comhlachtaí um measúnú comhréireachta, na rialacha maidir le nósanna imeachta i dtaobh fógra a thabhairt agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus na rialacha maidir le nósanna imeachta chun déileáil le táirgí innealra a bhfuil riosca ag baint leo a chur in oiriúint do na forálacha tagartha a leagtar síos sa Chinneadh sin.

(9) Ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo táirgí innealra atá nua do mhargadh an Aontais nuair a chuirtear ar an margadh iad, i.e. táirgí innealra nua a dhéanann

---

[3] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

[4] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1)

[5] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.08.2008, lch. 82).

monaróir atá bunaithe san Aontas nó táirgí innealra, bídís nua nó athláimhe, a allmhairítear ó thríú tír.

(10) I gcás ina bhféadfaidh tomhaltóir na táirgí innealra a úsáid, is é sin le rá, oibreoir neamhghairmiúil, ba cheart don mhonaróir a chur san áireamh nach bhfuil an t-eolas agus an taithí chéanna ag an tomhaltóir maidir le táirgí innealra a láimhseáil i ndearadh agus i dtógáil na dtáirgí. Beidh feidhm leis an méid sin freisin i gcás ina mbainfear gnáth-úsáid as táirge innealra chun seirbhís a sholáthar do thomhaltóir.

(11) Le déanaí, tugadh meaisíní níos forbartha isteach ar an margadh, meaisíní nach bhfuil chomh spleách sin ar oibreoirí daonna. Tá na meaisíní sin, ar a dtugtar róbait chomhoibritheacha nó cóbait, ag obair ar thascanna sainithe agus i dtimpeallachtaí struchtúrtha, ach fós féin is féidir leo foghlaim bearta nua a dhéanamh sa chomhthéacs seo agus a bheith níos uathrialaithí. Ar na mionchoigeartuithe breise ar mheaisíní, atá i bhfeidhm cheana féin nó a bhfuil coinne leo, tá próiseáil fíor-ama ar fhaisnéis, réiteach fadhbanna, soghluaisteacht, córais bhraiteoirí, foghlaim, inoiriúnaitheacht, agus an cumas oibriú i dtimpeallachtaí neamhstruchtúrtha (e.g. láithreáin tógála). Sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an róbataic[6], luaitear go bhfuil dúshláin nua ann ó thaobh sábháilteacht táirgí de le teacht chun cinn teicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, Idirlíon na rudaí nithiúla agus an róbataic. Is í an chonclúid ar ar thángthas sa tuarascáil go bhfuil roinnt bearnaí ina leith sin sa reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le sábháilteacht táirgí, lena n-áirítear Treoir 2006/42/CE, bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo na rioscaí sábháilteachta a eascraíonn as teicneolaíochtaí digiteacha nua.

(12) Chun cosaint sláinte agus sábháilteachta daoine agus ainmhithe clóis a áirithiú, maille le slándáil na réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach cineál soláthair táirgí innealra, lena n-áirítear ciandíol, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1020.

(13) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh gach úsáideora, ba cheart raon feidhme an Rialacháin seo a leagan amach ar bhealach soiléir agus ba cheart na coincheapa a bhaineann lena chur i bhfeidhm a shainiú chomh cruinn agus is féidir.

(14) Ionas nach ndéanfar reachtaíocht a rith i leith an táirge chéanna faoi dhó, is iomchuí airm, lena n-áirítear airm thine, atá faoi réir Threoir (AE) 2017/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo[7].

(15) Toisc go bhfuil sé de chuspóir ag an Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as feidhm an innealra seachas as earraí nó daoine a iompar, níor cheart feidhm a bheith aige maidir le feithiclí nach bhfuil sé d'aidhm acu ach earraí nó daoine a iompar ar bhóithre, d'aer, ar uisce nó ar ghréasáin iarnróid, beag beann ar na teorainneacha luais. Mar sin féin, tá feidhm innealra ag innealra atá suite ar fheithiclí

---

6 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an róbataic (COM/2020/64 final).

7 Treoir (AE) 2017/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 137, 24.5.2017, lch. 22).

den sórt sin nó ag innealra soghluaiste atá ceaptha chun obair thógála a éascú, e.g. dumpairí agus forcardaitheoirí, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a chumhdach faoin Rialachán seo. Toisc go dtagann feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta agus feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair, mar aon le córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna agus trealamh a dheartar agus a thógtar le haghaidh feithiclí den sórt sin, faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] faoi seach, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(16) Fearais tí atá ceaptha le haghaidh úsáid tí, nach troscán a oibrítear go leictreach iad, clostrealamh agus fístrealamh, trealamh teicneolaíochta faisnéise, innealra oifige, giarlasc ísealvoltais agus trealamh rialaithe agus mótair leictreonacha, tagann siad faoi raon feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Tá feidhmeanna Wi-Fi á n-ionchorprú de réir a chéile ag roinnt de na táirgí sin, e.g. meaisíní níocháin, agus dá bhrí sin cumhdaítear iad le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]mar threalamh raidió. Ba cheart na táirgí sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo freisin.

(17) De thoradh na forbartha atá tagtha ar earnáil an innealra, is mó an úsáid atá á baint as modhanna digiteacha agus is tábhachtaí an ról atá ag na bogearraí i ndearadh an innealra. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar innealra a chur in oiriúint. Maidir leis sin, níor cheart ach innealra nach bhfuil in easnamh air ach bogearraí atá ceaptha le haghaidh chur i bhfeidhm sonrach an innealra a uaslódáil faoin sainmhíniú ar innealra seachas faoin sainmhíniú ar innealra páirtchríochnaithe. Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an sainmhíniú ar chomhpháirteanna sábháilteachta, ní hamháin feistí fisiceacha ach feistí digiteacha freisin. Chun a chur san áireamh go bhfuil úsáid níos mó á baint as bogearraí mar chomhpháirt sábháilteachta, ba cheart a mheas gur comhpháirt sábháilteachta iad bogearraí a bhfuil feidhm sábháilteachta acu agus a chuirtear go neamhspleách ar an margadh.

(18) Is éard atá in innealra páirtchríochnaithe táirge innealra nach mór tuilleadh tógála a dhéanamh air chun go mbeidh sé in ann a fheidhm shonrach a chomhlíonadh, i.e. na hoibríochtaí dea-shainithe a bhfuil an táirge innealra deartha dóibh. Ní gá feidhm a bheith ag ceanglais uile an Rialacháin seo maidir le hinnealra páirtchríochnaithe ach chun sábháilteacht an táirge innealra ina iomláine a áirithiú, is tábhachtach mar sin

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

9 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

10 Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 35).

11 Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

féin go ráthófaí saorghluaiseacht innealra páirtchríochnaithe den sórt sin trí nós imeachta sonrach.

(19) I gcás ina mbainfidh rioscaí le táirgí innealra, rioscaí a dtugtar aghaidh orthu leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán seo ach a chumhdaítear freisin go hiomlán nó go páirteach le reachtaíocht níos sonraí eile de chuid an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a mhéid a chumhdaítear na rioscaí sin leis an reachtaíocht eile sin de chuid an Aontais. I gcásanna eile, d'fhéadfadh rioscaí nach gcumhdaítear leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith ag baint le táirgí innealra. Mar shampla, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint le táirgí innealra ina n-ionchorpraítear feidhm Wi-Fi nó córas intleachta saorga nach dtugtar aghaidh orthu sna ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán seo, toisc nach ndéileáiltear sa Rialachán seo le rioscaí a bhaineann go sonrach le córais den sórt sin. I gcás córais intleachta saorga, ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht shonrach an Aontais maidir le hintleacht shaorga, toisc go bhfuil ceanglais shonracha sábháilteachta inti le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca. Chun neamhleanúnachas a sheachaint maidir leis an gcineál measúnaithe comhréireachta agus chun nach dtabharfar ceanglais isteach chun dhá mheasúnú comhréireachta a dhéanamh, ba cheart na ceanglais shonracha sábháilteachta sin a sheiceáil, áfach, mar chuid den nós imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar aon chuma lena áirithiú, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar córas na hintleachta saorga a chomhtháthú go sábháilte leis an innealra iomlán, ionas nach gcuirfear sábháilteacht an innealra ina iomláine i mbaol.

(20) I gcás aontaí trádála, taispeántas agus imeachtaí comhchosúla, ba cheart a bheith in ann innealra táirgí nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo a thaispeáint, ós rud é nach mbeadh aon riosca sábháilteachta ag baint leis sin. Mar sin féin, ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart páirtithe leasmhara a chur ar an eolas mar is ceart nach bhfuil na táirgí innealra comhlíontach agus nach féidir iad a cheannach.

(21) Bíonn tionchar ag forbairt na húrscothachta in earnáil an innealra ar aicmiú táirgí innealra ardriosca. D'fhonn léiriú ceart a thabhairt ar gach táirge innealra ardriosca, ba cheart critéir a bhunú le haghaidh an mheasúnaithe a dhéanann an Coimisiún maidir le cé na táirgí innealra ba cheart a áireamh ar liosta na dtáirgí innealra ardriosca.

(22) Is rioscaí eile a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha nua iad na rioscaí sin a spreagann tríú páirtithe mailíseacha a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht táirgí innealra. Maidir leis sin, ba cheart do mhonaróirí bearta comhréireacha a ghlacadh atá teoranta do shábháilteacht an táirge innealra a chosaint. Ní chuireann sé sin bac ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe cibearshlándála a chur i bhfeidhm ar tháirgí innealra.

(23) Lena áirithiú nach mbeidh rioscaí sláinte agus sábháilteachta ag baint le táirgí innealra do dhaoine ná d'ainmhithe clóis nuair a chuirtear na táirgí sin ar an margadh nó nuair a chuirtear iad i seirbhís, agus lena áirithiú nach ndéanfaidh siad dochar do réadmhaoin agus, i gcás inarb infheidhme, don chomhshaol, ba cheart ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagan amach nach mór a chomhlíonadh sula gceadaítear na táirgí innealra a chur ar an margadh. Ba cheart go gcomhlíonfadh táirgí innealra na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta nuair a chuirtear ar an margadh iad nó nuair a chuirtear i seirbhís iad. I gcás ina ndéanfar na táirgí innealra sin a mhodhnú

ina dhiaidh sin, ar mhodh fisiciúil nó digiteach, ar bhealach nach bhfuil beartaithe ag an monaróir agus a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint nach gcomhlíonann sé na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha a thuilleadh, ba cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é an modhnú. Mar shampla, féadfaidh úsáideoirí bogearraí a uaslódáil i dtáirge innealra nach bhforálann an monaróir agus a d'fhéadfadh rioscaí nua a chruthú. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an táirge innealra sin na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha, ba cheart a cheangal ar an duine a dhéanann an modhnú substaintiúil measúnú comhréireachta nua a dhéanamh sula gcuirfear an táirge innealra modhnaithe ar an margadh nó sula gcuirfear i seirbhís é. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir leis an gcuid mhodhnaithe den táirge innealra, ar choinníoll nach ndéanann an modhnú difear don táirge innealra ina iomláine. Chun ualach neamhriachtanach díréireach a sheachaint, níor cheart go gceanglófaí ar an duine a mbeidh an modhnú substaintiúil á dhéanamh aige tástálacha a dhéanamh arís agus doiciméadacht nua a tháirgeadh i ndáil le gnéithe den táirge innealra nach mbeidh tionchar ag an modhnú orthu. Ba chóir é a bheith faoin duine a dhéanann an modhnú substaintiúil a léiriú nach bhfuil tionchar ag an modhnú ar an táirge innealra ina iomláine.

(24) In earnáil an innealra, is fiontair bheaga nó mheánmhéide (FBManna) thart ar 98 % de na cuideachtaí. Chun an t-ualach rialála ar FBManna dá dtugtar fógra a laghdú ba cheart dóibh na táillí le haghaidh measúnuithe comhréireachta a chur in oiriúint agus a laghdú i gcomhréir lena leasanna sonracha agus lena riachtanais shonracha.

(25) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith freagrach as na táirgí innealra a bheith ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo, maidir lena róil faoi seach sa slabhra soláthair, d'fhonn ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh leasanna an phobail, amhail sláinte nó sábháilteacht daoine agus, más iomchuí, sábháilteacht ainmhithe clóis agus slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil, mar aon le hiomaíocht chóir ar mhargadh an Aontais.

(26) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach gcuireann siad ar fáil ar an margadh ach táirgí innealra atá i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart dáileadh soiléir, comhréireach oibleagáidí a fhreagraíonn do ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus dáilte a chur ar fáil faoin Rialachán seo.

(27) Chun cumarsáid idir oibreoirí eacnamaíocha, údaráis náisiúnta faireachais margaidh agus úsáideoirí a éascú, ba cheart do na Ballstáit iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha seoladh suímh gréasáin a chur san áireamh chomh maith leis an seoladh poist.

(28) Is é an monaróir, a bhfuil eolas mionsonraithe aige ar an bpróiseas deartha agus táirgthe, an duine is fearr chun an nós imeachta um measúnú comhréireachta a chur i gcrích. Dá bhrí sin, is ar an monaróir amháin atá an oibleagáid measúnú comhréireachta a dhéanamh.

(29) Ba cheart don mhonaróir nó d'ionadaí údaraithe an mhonaróra a áirithiú go ndéantar measúnú riosca ar an táirge innealra is mian leis an monaróir a chur ar an margadh. Chun na críche sin, ba cheart don mhonaróir a chinneadh cé acu de na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme maidir leis an táirge innealra agus nach mór bearta a dhéanamh ina leith chun dul i ngleic leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge innealra. I gcás ina gcomhtháthóidh an táirge innealra córas intleachta saorga, ar na rioscaí a aithníodh le linn an mheasúnaithe riosca ba cheart go n-áireofaí na rioscaí sin a d'fhéadfadh a bheith ann le

linn shaolré an táirge innealra mar gheall ar fhorbairt bheartaithe ar a iompraíocht chun oibriú de réir leibhéil éagsúla neamhspleáchais. I ndáil leis sin, i gcás ina gcomhtháthóidh an táirge innealra córas intleachta saorga, ba cheart go ndéanfaí an riosca don chóras intleachta saorga sin a mheas sa mheasúnú riosca a rinneadh de bhun Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle+.

(30) Braitheann sábháilteacht an táirge innealra chomhtháite ar na spleáchais agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir a chomhpháirteanna agus innealra páirtchríochnaithe agus innealra aonair a ghlacann páirt i gcóimeáil chomhordaithe de chóras innealra. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí measúnú a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí sin sa mheasúnú riosca. Sa mheasúnú riosca, ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar nuashonruithe a bheidh ann amach anseo nó ar fhorbairtí ar bhogearraí atá suiteáilte sa táirge innealra dá bhforáiltear nuair a chuirtear an táirge innealra ar an margadh.

(31) Tá sé fíor-riachtanach go n-ullmhóidh an monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra atá bunaithe san Aontas comhad teicniúil tógála sula ndéanfaidh sé dearbhú comhréireachta de chuid Aontais a dhréachtú, agus ba cheart a cheangal orthu é a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta nó do na comhlachtaí dá dtugtar fógra ar iarraidh sin orthu. Níor cheart pleananna mionsonraithe fochóimeálacha a úsáidtear chun an táirge innealra a mhonarú a bheith ag teastáil ach amháin mar chuid den chomhad tógála teicniúil i gcás ina mbeidh eolas ar na pleananna sin riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán seo.

(32) Is gá a áirithiú go gcomhlíonann táirgí innealra ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais ceanglais an Rialacháin seo agus nach mbaineann riosca leo do shláinte nó sábháilteacht daoine agus, más iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, agus go háirithe, go bhfuil nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag na monaróirí maidir leis na táirgí innealra sin. Ba cheart foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí innealra a chuireann siad ar an margadh ceanglais an Rialacháin seo agus nach bhfuil riosca ag baint leo do shláinte nó sábháilteacht daoine agus, más iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil. Ar an gcúis chéanna, ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta curtha i gcrích agus go bhfuil marcáil CE agus an doiciméadacht theicniúil a dhréachtaíonn monaróirí ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla le haghaidh cigireachta.

(33) Ós rud é go gcuireann an dáileoir táirgí innealra ar fáil ar an margadh tar éis don mhonaróir nó don allmhaireoir iad a chur ar an margadh, ba cheart don dáileoir gníomhú leis an gcúram is iomchuí chun a áirithiú nach ndéanfaidh a láimhseáil ar an táirge innealra difear díobhálach do chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo.

(34) Agus táirgí innealra á gcur ar an margadh, ba cheart do gach allmhaireoir a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe agus an seoladh poist ag ar féidir dul i

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ... .

dteagmháil leis a chur in iúl ar an táirge innealra. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí sna cásanna nach féidir é sin a dhéanamh de bharr mhéid nó chineál an táirge innealra. Áirítear leis sin cásanna ina mbeadh ar an allmhaireoir an phacáistíocht a oscailt chun a ainm agus a sheoladh a chur ar an táirge innealra.

(35) D'fhonn sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí an innealra a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go bhfuil faisnéis bheacht intuigthe sa doiciméadacht ábhartha uile, amhail treoracha an úsáideora, agus ag an am céanna go bhfuil faisnéis bheacht intuigthe inti, go gcuirtear san áireamh inti forbairtí teicneolaíocha agus athruithe ar iompar an úsáideora deiridh, agus go bhfuil sí chomh cothrom le dáta is féidir. Nuair a chuirtear táirgí innealra ar fáil ar an margadh i bpacáistí ina bhfuil roinnt aonad, ba cheart go mbeadh na treoracha agus an fhaisnéis ag gabháil leis an aonad is lú atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

(36) Ba cheart a mheas gurb é an monaróir aon oibreoir eacnamaíoch a chuireann táirge innealra ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc féin nó a mhodhnaíonn táirge innealra ar dhóigh ina bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo agus ba cheart dó oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh air féin.

(37) Ós rud é go bhfuil dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh, ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach i gcúraimí faireachais margaidh a dhéanann na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith sásta a bheith rannpháirteach go gníomhach, tríd an eolas go léir is gá a bhaineann leis an táirge innealra lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin.

(38) Trí inrianaitheacht táirgí innealra a áirithiú ar fud an tslabhra soláthair ina iomláine, is féidir faireachas margaidh níos simplí agus níos éifeachtúla a dhéanamh. Ba cheart go gceanglófaí ar oibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, an fhaisnéis faoina n-idirbhearta táirgí innealra a choinneáil ar feadh tréimhse ama áirithe. Mar sin féin, ba cheart an oibleagáid sin a bheith comhréireach le ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus níor cheart a cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha faisnéis nár tháirg siad a thabhairt cothrom le dáta.

(39) Ba cheart an Rialachán seo a theorannú do na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagan amach, a fhorlíontar le roinnt ceanglas níos sonraí le haghaidh catagóirí áirithe táirgí innealra. Chun measúnú comhréireachta leis na ceanglais sláinte agus sábháilteachta sin a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta le haghaidh innealra atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbraítear agus a bhfoilsítear tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl.

(40) In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sonraíochtaí teicniúla a bhunú le haghaidh na gceanglas riachtanach sláinte agus

---

[12] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE(52), 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

sábháilteachta. Ba cheart úsáid a bhaint as sonraíochtaí teicniúla mar réiteach cúltaca chun oibleagáid an mhonaróra a éascú maidir leis na ceanglais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh, mar shampla nuair atá an próiseas caighdeánaithe blocáilte mar gheall ar easpa comhdhearcaidh idir páirtithe leasmhara nó i gcás ina bhfuil moill mhíchuí ar chaighdeán comhchuibhithe a bhunú. D'fhéadfadh na moilleanna sin a bheith ann, mar shampla, nuair nach mbaintear an cháilíocht riachtanach amach.

(41) Ba cheart comhlíonadh na gcaighdeán comhchuibhithe agus na sonraíochtaí teicniúla a bhunaíonn an Coimisiún a bheith deonach. Dá bhrí sin, ba cheart réitigh theicniúla mhalartacha a bheith inghlactha má chomhlíonann an t-innealra na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha sa chomhad teicniúil.

(42) Ba cheart -na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh lena chinntiú go bhfuil táirge innealra sábháilte. Ba cheart na ceanglais sin a chur i bhfeidhm go céillí chun úrscothacht tráth na tógála agus na ceanglais theicniúla agus eacnamaíocha a thabhairt san áireamh.

(43) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí mailíseacha tríú páirtí agus a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht na dtáirgí innealra, ba cheart a áirithiú sa Rialachán seo ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ar féidir toimhde comhréireachta a thabhairt ina leith a mhéid is iomchuí le deimhniú nó le ráiteas comhréireachta a eisítear faoi scéim ábhartha cibearshlándála a ghlactar de bhun agus i gcomhréir le hAirteagal 54, mír 3 de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

(44) Déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le nós imeachta chun agóidí a dhéanamh i gcoinne caighdeán comhchuibhithe i gcás nach gcomhlíonann na caighdeáin sin ceanglais an Rialacháin seo nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais sin ina n-iomláine.

(45) Go dtí seo, tá liosta an innealra ardriosca in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE bunaithe ar an riosca a eascraíonn as an úsáid atá beartaithe nó aon mhí-úsáid measartha intuartha a d'fhéadfaí a bhaint as an innealra sin. Mar sin féin, glacann earnáil an innealra le bealaí nua chun innealra a dhearadh agus a thógáil a bhféadfadh rioscaí arda a bheith ag baint leo, beag beann ar an úsáid bheartaithe sin nó ar aon mhí-úsáid atá measartha intuartha. Mar shampla, bogearraí lena n-áirithítear feidhmeanna sábháilteachta innealra atá bunaithe ar intleacht shaorga, bíodh sí leabaithe san innealra nó ná bíodh, ba cheart iad a aicmiú mar tháirge innealra ardriosca i ngeall ar shaintréithe na hintleachta saorga amhail spleáchas ar shonraí, teimhneacht, uathriail agus nascacht, rudaí a d'fhéadfadh dóchúlacht agus déine an dochair a mhéadú go mór agus dochar mór a dhéanamh do shábháilteacht an innealra. Ina theannta sin, an margadh le haghaidh bogearraí lena n-áirithítear feidhmeanna sábháilteachta innealra atá bunaithe ar intleacht shaorga, tá sé an-bheag go dtí seo, rud a fhágann go bhfuil easpa taithí agus sonraí ann. Dá bhrí sin, ba cheart do thríú páirtí

[13] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

measúnú comhréireachta a dhéanamh ar bhogearraí lena n-áirithítear feidhmeanna sábháilteachta bunaithe ar intleacht shaorga.

(46) Ba cheart do mhonaróirí dearbhú comhréireachta Aontais a dhréachtú chun faisnéis a sholáthar maidir le comhréireacht táirgí innealra leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, féadfar a cheangal ar mhonaróirí dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a dhréachtú le reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Chun rochtain éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú chun críocha faireachais margaidh, ba cheart dearbhú comhréireachta aonair de chuid an Aontais a dhréachtú i ndáil le gach gníomh de chuid an Aontais. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, ba cheart go bhféadfadh an dearbhú comhréireachta amháin sin de chuid an Aontais a bheith ina shainchomhad ina mbeidh na dearbhuithe comhréireachta aonair ábhartha.

(47) Is é marcáil CE, lena gcuirtear comhréireacht táirge in iúl, an toradh sofheicthe ar phróiseas iomlán a chuimsíonn measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Is i rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a leagtar amach na prionsabail ghinearálta lena rialaítear marcáil CE. Ba cheart rialacha a leagan síos sa Rialachán seo lena rialófar feistiú mharcáil CE ar tháirgí innealra.

(48) Ba cheart gurb é an marc CE an t-aon mharcáil amháin, lena ráthaítear go bhfuil an t-innealra i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh maidir le marcálacha eile ar dócha go gcuirfidh siad tríú páirtithe ar míthreoir maidir le brí nó foirm an mhairc CE.

(49) Is gá foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta d’fhonn é a chur ar a gcumas d’oibreoirí eacnamaíocha a léiriú go gcomhlíonann innealra a chuirtear ar fáil ar an margadh na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta agus d’fhonn é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla é sin a áirithiú. Le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE, bunaítear modúil le haghaidh nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, lena gcuimsítear idir na nósanna imeachta is scaoilte agus na cinn is déine, i gcomhréir le leibhéal an riosca lena mbaineann agus leibhéal na sábháilteachta is gá. Chun comhleanúnachas idir earnálacha a áirithiú agus chun malairtí *ad hoc* a sheachaint, ba cheart na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú ó na modúil sin.

(50) Ba cheart do mhonaróirí a bheith freagrach as a dheimhniú go gcomhlíonann a n-innealra an Rialachán seo. Mar sin féin, i gcás cineálacha áirithe innealra a bhfuil fachtóir riosca níos airde acu, ba cheart nós imeachta deimhniúcháin níos déine a cheangal lena gceanglaítear rannpháirtíocht comhlachta dá dtugtar fógra.

(51) Tá sé riachtanach do gach comhlacht dá dtugtar fógra a bhfeidhmeanna a dhéanamh ar an leibhéal céanna agus faoi dhálaí iomaíochta cothroma. Chuige sin is gá ceanglais éigeantacha a shocrú le haghaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta ar mian leo go dtabharfaí fógra dóibh chun seirbhísí um measúnú comhréireachta a chur ar fáil.

(52) Má léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta go bhfuil sé i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe, ba cheart glacadh leis go gcomhlíonann sé na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(53) Chun leibhéal comhsheasmhach cáilíochta a áirithiú agus measúnú comhréireachta á dhéanamh ar tháirgí innealra, is gá ceanglais a shocrú freisin le haghaidh na n-údarás a thugann fógra agus le haghaidh comhlachtaí eile atá bainteach leis an measúnú, le fógra a thabhairt agus le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra.

(54) Ba cheart an córas a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlánú leis an gcóras creidiúnúcháin dá ndéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ós rud é gur

modh riachtanach é creidiúnú chun inniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta a fhíorú, ba cheart é a úsáid chun fógra a thabhairt freisin.

(55) Ba cheart do na húdaráis phoiblí náisiúnta ar fud an Aontais creidiúnú trédhearcach amhail dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lena n-áirithítear an leibhéal muiníne is gá i ndeimhnithe comhréireachta, a mheas mar an rogha modha chun inniúlacht theicniúil comhlachtaí um measúnú comhréireachta a léiriú. Féadfaidh na húdaráis náisiúnta, áfach, a mheas go bhfuil modhanna cuí acu chun an mheastóireacht sin a dhéanamh iad féin. I gcásanna den sórt sin, chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal cuí creidiúnachta ag meastóireachtaí a dhéanfaidh údaráis náisiúnta eile, ba cheart dóibh an fhianaise dhoiciméadach is gá a léiríonn go gcomhlíonann na comhlachtaí um measúnú comhréireachta na ceanglais rialála iomchuí a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

(56) Is minic a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta codanna dá gcuid oibre a bhaineann le measúnú comhréireachta a ligean ar fochonradh, sin nó téann siad in iontaoibh fochuideachta. Chun an leibhéal cosanta atá riachtanach chun an t-innealra a chur ar an margadh a chosaint, ní mór go gcomhlíonfadh fochonraitheoirí agus fochuideachtaí um measúnú comhréireachta na ceanglais chéanna a chomhlíonann comhlachtaí dá dtugtar fógra i dtaca le cúraimí um measúnú comhréireachta a fheidhmiú. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuimseofaí sa mheasúnú ar inniúlacht agus ar fheidhmíocht comhlachtaí a bhfuil fógra le tabhairt dóibh, agus san fhaireachán ar chomhlachtaí a bhfuil fógra tugtha dóibh cheana féin, gníomhaíochtaí a dhéanann fochonraitheoirí agus fochuideachtaí.

(57) Ós rud é go bhféadfaidh comhlachtaí dá dtugtar fógra a seirbhísí a thairiscint ar fud an Aontais, is iomchuí an deis a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agóidí a dhéanamh maidir le comhlacht dá dtugtar fógra. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le tréimhse inar féidir amhras nó aon ábhar imní maidir le hinniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta a shoiléiriú sula dtosóidís ag feidhmiú mar chomhlachtaí dá dtugtar fógra.

(58) Ar mhaithe le hiomaíochas, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i bhfeidhm gan ualaí míriachtanacha a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. Ar an gcúis chéanna, agus d'fhonn a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach oibreoir eacnamaíoch, ní mór comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm teicniúil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a áirithiú. Is fearr is féidir é sin a bhaint amach trí chomhordú agus comhar iomchuí idir comhlachtaí dá dtugtar fógra.

(59) Is ionstraim riachtanach é an faireachas margaidh sa mhéid go n-áirithítear leis cur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach reachtaíocht de chuid an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm inar féidir faireachas margaidh a dhéanamh go comhchuí.

(60) Ba cheart do na Ballstáit gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach bhféadfar táirgí innealra a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur ar an margadh ach amháin más rud é, nuair a shuiteáiltear é i gceart agus nuair a úsáidtear é le haghaidh na críche atá beartaithe dó, nó faoi choinníollacha úsáide is féidir a thuar go measartha, nach gcuirfear sláinte nó sábháilteacht daoine i mbaol agus, más iomchuí, nach gcuirfear sábháilteacht ainmhithe clóis agus slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil i mbaol. Táirgí innealra a chumhdaítear leis an Rialachán, níor cheart a mheas go bhfuil siad neamhchomhlíontach leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar síos sa Rialachán seo ach

amháin faoi choinníollacha úsáide a d'fhéadfadh eascairt as iompar daonna atá dleathach agus intuartha go héasca.

(61) I gcomhthéacs an fhaireachais mhargaidh, ba cheart idirdhealú soiléir a bhunú idir cur in aghaidh caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar toimhde comhréireachta ar tháirgí innealra, agus an clásal coimirce a bhaineann le hinnealra.

(62) Le Treoir 2006/42/CE, déantar foráil freisin maidir le nós imeachta cosanta a bhfuil gá leis ionas go mbeifí in ann cur in aghaidh comhréireacht táirgí innealra. Chun cur leis an trédhearcacht agus chun am próiseála a laghdú, ní mór an nós imeachta cosanta atá ann cheana a fheabhsú d'fhonn é a dhéanamh níos éifeachtúla agus d'fhonn leas a bhaint as an saineolas atá ar fáil sna Ballstáit.

(63) Ba cheart an nós imeachta coimirce atá ann cheana a fhorlíonadh le nós imeachta faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a dhéanamh i ndáil le táirgí innealra a chuireann sláinte nó sábháilteacht daoine i mbaol agus, más iomchuí, a chuireann sábháilteacht ainmhithe clóis agus slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil i mbaol. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar a gcumas do na húdaráis um fhaireachas margaidh, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim luath i dtaca le táirgí innealra den sórt sin.

(64) I gcás ina mbeidh na Ballstáit agus an Coimisiún ar aon intinn faoin údar atá le beart a ghlac Ballstát, níor cheart a cheangal ar an gCoimisiún aon ní eile a dhéanamh, ach amháin más rud é gur easnaimh i gcaighdeán comhchuibhithe is cúis leis an neamhchomhlíonadh.

(65) Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolas nó fianaise nua eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an liosta táirgí innealra ardriosca agus an liosta táscach de chomhpháirteanna sábháilteachta a leasú. Tá sé an-tábhachtach don Choimisiún comhairliúchán iomchuí a dhéanamh le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á ndréachtú aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(66) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún lena mbunaítear sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta, ina n-iarrtar ar an mBallstát a thugann fógra na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh maidir le comhlacht dá dtugtar fógra nach gcomhlíonann na ceanglais maidir lena fhógra agus ina suitear an bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta maidir le hinnealra comhlíontach a mheasann Ballstát a bheith ina riosca do shláinte agus do shábháilteacht daoine. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

---

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú na mBallstát ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(67) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme láithreach lena gcinnfear cibé an bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta maidir le táirgí innealra comhlíontacha lena ngabhann riosca, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le sláinte nó sábháilteacht daoine a chosaint, más gá sin de bharr mórfhorais phráinne.

(68) I gcomhréir leis an gcleachtas seanbhunaithe, féadfaidh an coiste a bhunaítear faoin Rialachán seo ról fónta a bheith aige maidir le hábhair a scrúdú a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar ábhair iad a tharraing cathaoirleach an choiste anuas nó a tharraing ionadaí ó Bhallstát anuas i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

(69) Nuair a bhíonn ábhair a bhaineann leis an Rialachán seo, seachas cur chun feidhme an Rialacháin nó sáruithe air, á scrúdú ag sainghrúpa de chuid an Choimisiúin, ba cheart an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a chur chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas, agus nuair is iomchuí, ba cheart a iarraidh uirthi a bheith i láthair ag cruinnithe den sórt sin.

(70) Ba cheart don Choimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus, mar gheall ar an nádúr speisialta a bhaineann leo, ag gníomhú dó gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm, cibé an bhfuil bonn cirt leis na bearta a rinne na Ballstáit i ndáil le táirgí innealra.

(71) Ní mór d'inrianaitheacht na sonraí innealra is gá le haghaidh an chomhaid theicniúil agus chun críocha fhaireachas an mhargaidh rialacha rúndachta a chomhlíonadh chun monaróirí a chosaint.

(72) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaca le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirtear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(73) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí innealra a chuirtear ar an margadh na ceanglais lena ndéantar foráil maidir le hardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte agus sábháilteacht daoine, agus, i gcás inarb iomchuí, ainmhithe clóis, mar aon le slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais, agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á ráthú, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(74) Ba cheart Treoir 73/361/CEE[15] ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le deimhniúchán agus marcáil téad sreinge, slabhraí agus crúcaí a aisghairm toisc gur tháinig Treoir 2006/42/CE faoi raon feidhme na Treorach sin trí ghabhálais agus slabhraí agus rópaí a chur san áireamh.

---

[15] Treoir 73/361/CEE ón gComhairle an 19 Samhain 1973 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le téada sreinge, slabhraí agus crúcaí a dheimhniú agus a mharcáil (IO L 335, 5.12.1973, lgh. 51-55).

(75) Leasaíodh Treoir 2006/42/CE roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil gá le leasuithe substaintiúla breise agus chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na rialacha maidir le táirgí innealra ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart Treoir 2006/42/CE a aisghairm.

(76) Is gá foráil a dhéanamh go mbeidh am leordhóthanach ag oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus ag na Ballstáit chun an bonneagar riaracháin is gá chun é a chur i bhfeidhm a chur ar bun. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais maidir le dearadh agus tógáil táirgí innealra ionas gur féidir táirgí innealra a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, agus bunaítear rialacha maidir le saorghluaiseacht táirgí innealra san Aontas.

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

(1) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí innealra seo a leanas

(a) innealra;

(b) trealamh idirmhalartaithe;

(c) comhpháirteanna sábháilteachta;

(d) codanna de na gabhálais ardaithe;

(e) slabhraí, rópaí, crocháin agus eangaigh;

(f) gléasanna traiseolta meicniúla inbhainte;

(g) innealra páirtchríochnaithe.

(2) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) comhpháirteanna sábháilteachta atá beartaithe lena n-úsáid mar pháirteanna spártha in ionad comhpháirteanna comhionanna agus atá á soláthar ag monaróir an táirge buninnealra;

(b) trealamh sonrach atá lena úsáid ar fhaichí aonaigh nó i bpáirceanna siamsaíochta;

(c) innealra saindeartha nó innealra a chuirtear i seirbhís chun cuspóirí núicléacha, cuspóirí as a bhféadfadh astú radaighníomhaíochta teacht i gcás cliseadh;

(d) airm, lena n-áirítear airm lámhaigh;

(e) feithiclí arb é an t-aon chuspóir atá acu earraí nó daoine a iompar de bhóthar, d'aer, d'uisce nó d'iarnród seachas i gcás innealra a shuiteáiltear ar na feithiclí sin;

(f) feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair, mar aon le córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna agus trealamh a dheartar agus a mhonaraítear le haghaidh feithiclí den sórt sin, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

(g) feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, mar aon le córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna agus trealamh a dheartar agus a mhonaraítear le haghaidh feithiclí den sórt sin, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 167/2013;

(h) soithí farraige agus aonaid shoghluaiste amach ón gcósta agus innealra a shuiteáiltear ar bord na soithí nó na n-aonad sin;

(i) innealra atá saindeartha agus saindéanta chun críocha míleata nó póilíneachta;

(j) innealra atá saindeartha agus saindéanta chun críocha taighde lena úsáid go sealadach sna saotharlanna;

(k) giar tochráin lena úsáid sna mianaigh;

(l) innealra atá beartaithe chun taibheoirí a iompar le linn imeachtaí ealaíne;

(m) na táirgí leictreacha agus leictreonacha seo a leanas, a mhéid a thagann siad faoi raon feidhme Threoir 2014/35/AE nó Threoir 2014/53/AE:

  (i) fearais tí atá ceaptha le haghaidh úsáid tí agus nach troscán leictreach iad;

  (ii) clostrealamh agus fístrealamh;

  (iii) trealamh faisnéise teicneolaíochta;

  (iv) innealra oifige;

  (v) trealamh lasc ísealvoltais agus trealamh rialaithe;

  (vi) mótair leictreacha;

(n) na táirgí leictreacha ardvoltais seo a leanas:

  (i) trealamh lasc agus trealamh rialaithe;

  (ii) claochladáin.

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'innealra':

(a) cóimeáil atá feistithe le córas tiomántáin nó a bhfuil sé beartaithe é a fheistiú le córas tiomántáin nach é dícheall díreach an duine nó ainmhí atá i gceist, córas ina bhfuil páirteanna nasctha nó comhpháirteanna, agus ceann amháin ar a laghad acu ina pháirt shoghluaiste agus ar páirteanna iad a cheanglaítear le chéile i gcomhair feidhm shonrach;

(b) cóimeáil dá dtagraítear i bpointe (a), nach bhfuil in easnamh uirthi ach na comhpháirteanna lena gceanglaítear ar an láthair í nó lena gceanglaítear í le foinsí fuinnimh agus gluaiseachta;

(c) cóimeáil dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) atá réidh le suiteáil agus nach bhfuil i riocht feidhmiú aisti féin ach amháin má shuiteáiltear ar mhodh iompair í, nó má shuiteáiltear í i bhfoirgneamh nó ar struchtúr;

(d) cóimeálacha déanta as innealra dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó innealra páirtchríochnaithe dá dtagraítear i bpointe (7), a chumraítear agus a rialaítear chun na críche céanna, sa chaoi go bhfeidhmíonn siad mar aonad iomlán dílis;

(e) cóimeáil de pháirteanna nó comhpháirteanna nasctha, a bhfuil ceann amháin ar a laghad acu ina pháirt shoghluaiste, iad nasctha le chéile, iad ceaptha chun ualach a ardú, agus arb é dícheall an duine a chuirtear i bhfeidhm go díreach orthu an t-aon fhoinse chumhachta atá acu;

(f) cóimeáil dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (d) agus (e) nach bhfuil in easnamh uirthi ach bogearraí a bheartaítear dá feidhmiú sonrach a uaslódáil.

(2) ciallaíonn ‘trealamh idirmhalartaithe’ gléas, tar éis innealra a chur i seirbhís, a chóimeálann an t-oibreoir féin leis an táirge innealra sin chun a fheidhm a athrú nó feidhm nua a chur leis, a mhéid nach uirlis atá sa trealamh sin;

(3) ciallaíonn ‘comhpháirt sábháilteachta’ comhpháirt fhisiceach nó dhigiteach, lena n-áirítear bogearraí, d’innealra a fheidhmíonn chun feidhm sábháilteachta a chomhlíonadh agus a chuirtear ar an margadh go neamhspleách, a gcuireann a teip nó a mífheidhm sábháilteacht daoine i mbaol ach nach bhfuil riachtanach le go bhfeidhmeoidh an t-innealra nó a d’fhéadfaí gnáth-chomhpháirteanna a chur ina hionad le go bhfeidhmeoidh an t-innealra;

(4) ciallaíonn ‘ghabhálas ardaithe’ comhpháirt nó trealamh nó gléas nach bhfuil ceangailte leis an innealra ardaithe, lenar féidir an t-ualach a choinneáil, agus a chuirtear idir an t-innealra agus an t-ualach nó ar an ualach féin, nó atá ceaptha le bheith ina páirt dhílis den ualach agus a chuirtear go neamhspleách ar an margadh, lena n-áirítear crocháin agus a gcomhpháirteanna;

(5) ciallaíonn ‘slabhraí’ slabhraí atá deartha agus déanta chun críocha ardaithe mar chuid d’innealra ardaithe nó de ghabhálais ardaithe;

(6) ciallaíonn ‘rópaí’ rópaí atá deartha agus déanta chun críocha ardaithe mar chuid d’innealra tógála nó de ghabhálais ardaithe;

(7) ciallaíonn ‘crocháin’ crocháin atá deartha agus déanta chun críocha ardaithe mar chuid d’innealra ardaithe nó de ghabhálais ardaithe;

(8) ciallaíonn ‘físeáil’ gréasánú atá deartha agus déanta chun críocha ardaithe mar chuid d’innealra ardaithe nó de ghabhálais ardaithe;

(9) ciallaíonn ‘feiste traiseolta meicniúil inbhainte’ comhpháirt inbhainte chun cumhacht a tharchur idir innealra féinghluaiste nó tarracóir agus innealra eile ach iad a nascadh ag an gcéad imthaca fosaithe;

(10) ciallaíonn ‘innealra páirtchríochnaithe’ cóimeáil ar innealra é ach amháin sa chaoi nach féidir leis feidhmiú leis féin chun feidhm shonrach a chur i gcrích agus nach bhfuil sé beartaithe ach é a ionchorprú in innealra nó é a chóimeáil le hinnealra nó le hinnealra páirtchríochnaithe nó le trealamh eile agus ar an mbealach sin táirge innealra dhéanamh de;

(11) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ aon soláthar de tháirge innealra lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sé ar íocaíocht nó saor in aisce;

(12) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge innealra a chur ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(13) ciallaíonn ‘cur i seirbhís’ an chéad úsáid a bhaintear as táirge innealra san Aontas chun na críche dar ceapadh é;

(14) ciallaíonn ‘reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú’ aon reachtaíocht de chuid an Aontais a dhéanann comhchuibhiú ar na dálaí chun táirgí a chur ar fáil ar an margadh;

(15) ciallaíonn ‘córas na hintleachta saorga’ intleacht shaorga mar a shainítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+]

(16) ciallaíonn ‘modhnú substaintiúil’ modhnú ar tháirge innealra, ar mhodh fisiciúil nó digiteach tar éis an táirge innealra sin a chur ar an margadh nó i seirbhís, modhnú nach bhfuil beartaithe ag an monaróir agus a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh an táirge innealra leis na ceanglais sláinte agus sábháilteachta riachtanacha ábhartha dá dheasca;

(17) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirgí innealra nó a chuireann táirgí innealra á ndearadh nó á monarú, agus a mhargaíonn na táirgí innealra sin faoina ainm nó faoina thrádmharc nó a dhearann agus a thógann táirgí innealra lena n-úsáid aige féin;

(18) ciallaíonn ‘treoracha úsáide’ an fhaisnéis a sholáthraíonn an monaróir nuair a chuirtear an táirge innealra ar an margadh nó nuair a chuirtear i seirbhís é chun úsáideoir an táirge innealra a chur ar an eolas faoin gcuspóir beartaithe agus faoi úsáid chuí an táirge innealra sin chomh maith le faisnéis faoi aon réamhchúram a bheidh le glacadh le linn an táirge innealra a úsáid nó a shuiteáil, lena n-áirítear faisnéis faoi na gnéithe sábháilteachta;

(19) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;

(20) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a chuireann táirgí innealra ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(21) ciallaíonn ‘dáileoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann táirgí innealra ar fáil ar an margadh;

(22) ciallaíonn ‘oibreoirí eacnamaíocha’ an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir agus an dáileoir;

(23) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ doiciméad ina leagtar síos na ceanglais theicniúla atá le comhlíonadh ag táirgí innealra;

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.’

(24) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán comhchuibhithe mar a shainítear in Airteagal 2(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(25) ciallaíonn ‘marcáil CE’ marcáil lena gcuireann an monaróir in iúl go bhfuil an táirge innealra sin i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ina ndéantar foráil maidir lena fheistiú;

(26) ciallaíonn ‘creidiúnú’ creidiúnú mar a shainítear i bpointe (10) d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(27) ciallaíonn ‘comhlacht creidiúnúcháin náisiúnta’ comhlacht creidiúnúcháin náisiúnta mar a shainítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(28) ciallaíonn ‘measúnú comhréireachta’ an próiseas ina dtaispeántar an bhfuil ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta an Rialacháin seo a bhaineann le táirgí innealra comhlíonta;

(29) ciallaíonn ‘comhlacht um measúnú comhréireachta’ comhlacht a dhéanann gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus cigireacht;

(30) ciallaíonn ‘comhlacht dá dtugtar fógra’ comhlacht um measúnú comhréireachta dá dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán seo;

(31) Ciallaíonn ‘údarás um fhaireachas margaidh’ ‘údarás um fhaireachas margaidh’ mar a shainítear i bpointe (4) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1020;

(32) ciallaíonn ‘aisghairm’ aon bheart a bhfuil sé d'aidhm aige táirge innealra atá curtha ar fáil cheana don úsáideoir deiridh a fháil ar ais;

(33) ciallaíonn ‘tarraingt siar’ aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige cosc a chur ar tháirge innealra sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh.

*Airteagal 4*

***Saorghluaiseacht***

1. Ní chuirfidh na Ballstáit bac, ar chúiseanna a bhaineann leis na gnéithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ar tháirgí innealra a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh ná a chur i mbun seirbhíse.

2. Ag aontaí trádála, taispeántais agus léirithe nó imeachtaí comhchosúla, ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar tháirge nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar taispeáint, ar choinníoll go gcuirtear in iúl ar chomhartha soléite nach gcomhlíonann sé an Rialachán seo agus nach gcuirfear ar fáil ar an margadh é go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta.

   Le linn léirithe, glacfar bearta leordhóthanacha chun cosaint daoine a áirithiú.

*Airteagal 5*

***Táirgí innealra ardriosca***

1. Beidh na táirgí innealra ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn I faoi réir nós imeachta sonrach um measúnú comhréireachta, dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun Iarscríbhinn I a leasú i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus an eolais theicniúil nó na fianaise eolaíche nua trí tháirge innealra nua a áireamh ar an liosta táirgí innealra ardriosca nó trí tháirge innealra atá ann cheana a tharraingt siar ón liosta sin, de bhun na gcritéar a leagtar síos i míreanna 3 agus 4.

3. Cuirfear táirge innealra ar an liosta de tháirgí innealra ardriosca in Iarscríbhinn I má tá riosca ag baint leis do shláinte an duine, agus dearadh na dtáirgí sin agus an chríoch atá beartaithe dóibh á gcur san áireamh. Bainfear táirgí innealra den liosta táirgí innealra ardriosca atá in Iarscríbhinn I mura bhfuil an riosca sin ag baint leis a thuilleadh. Bunófar an riosca a bhaineann le táirge innealra áirithe ar bhonn meascán den dóchúlacht go ndéanfar díobháil do leas cosanta agus de dhéine an dochair sin.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le dóchúlacht agus déine an dochair, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) an méid tionchair a bheadh ag an díobháil ar gach duine dá ndéantar difear;

(b) an líon daoine dá bhféadfaí difear a dhéanamh;

(c) a mhéid atá na páirtithe dá bhféadfaí difear a dhéanamh ag brath ar thoradh an táirge innealra;

(d) a mhéid atá na páirtithe dá bhféadfaí difear a dhéanamh leochaileach i leith úsáideoir an táirge innealra;

(e) an méid inchúlaitheachta a rinneadh ar an díobháil a rinne an táirge innealra;

(f) a mhéid a úsáideadh an táirge innealra chun críche sonraí;

(g) tásca ar dhíobháil a rinne táirgí innealra san am atá caite a úsáideadh chun críche sonraí.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú críochnúil ar na critéir a leagtar síos i mír 3 ar bhonn na faisnéise atá ar fáil. Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún nuair a bheidh sí ar fáil dóibh i ndáil le faireachas margaidh nó de thoradh na n-ábhar imní dá dtagraítear sa chúigiú mír:

(a) measúnú ar na rioscaí dá dtagraítear i mír 3;

(b) anailís ar chost-éifeachtúlacht;

(c) anailís ar thionóiscí innealra;

(d) staidreamh maidir le tionóiscí a tharla de bharr an táirge innealra le haghaidh na gceithre bliana roimhe sin bunaithe, go háirithe, ar fhaisnéis a fuarthas ón gCóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS), ar chlásail choimirce, ar an gCóras Mear-rabhaidh (RAPEX) agus ar thuairisciú ón nGrúpa Comhair Riaracháin innealra.

5. Ballstát a bhfuil imní air maidir le táirge innealra a bheith liostaithe nó gan bheith liostaithe in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir lena ábhar imní agus tabharfaidh sé cúiseanna chun tacú leis sin.

*Airteagal 6*

***Comhpháirteanna sábháilteachta***

1. Leagtar amach liosta táscach de chomhpháirteanna sábháilteachta in Iarscríbhinn II.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun Iarscríbhinn II a leasú i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus an eolais theicniúil nó na fianaise eolaíche nua trí chomhpháirt sábháilteachta nua a áireamh ar an liosta táscach de chomhpháirteanna sábháilteachta nó trí chomhpháirt sábháilteachta atá ann cheana a tharraingt siar ón liosta sin.
3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú críochnúil ar na rioscaí a éilíonn comhpháirt sábháilteachta nua a chur ar an liosta comhpháirteanna sábháilteachta in Iarscríbhinn II nó comhpháirt sábháilteachta a bhaint den liosta sin.
4. Ballstát a bhfuil imní air faoi chomhpháirt sábháilteachta a bheith liostaithe nó gan bheith liostaithe in Iarscríbhinn II, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir leis an imní atá air agus tabharfaidh sé cúiseanna chun tacú leis sin.

*Airteagal 7*

***Ceanglais maidir le táirgí innealra***

Ní dhéanfar táirgí innealra a chur ar fáil ar an margadh ná a chur i seirbhís ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i gcás ina ndéanfar iad a shuiteáil agus a chothabháil i gceart agus a úsáid chun na críche atá beartaithe dóibh nó faoi choinníollacha is féidir a thuar go measartha.

*Airteagal 8*

***Reachtaíocht shonrach an Aontais um chomhchuibhiú***

Más rud é, i gcás táirge áirithe innealra áirithe, go ndéantar na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chumhdach go hiomlán nó go páirteach le reachtaíocht chomhchuibhithe níos sonraí eile de chuid an Aontais, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an innealra sin a mhéid a chumhdófar na rioscaí sin leis an reachtaíocht shonrach sin de chuid an Aontais.

*Airteagal 9*

***Rialachán (AE) 2016/425 .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle+***

I gcás ina mbeidh córas intleachta saorga i dtáirgí innealra, a bhfuil feidhm ag ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta Rialachán (AE).../... maidir leis, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, i ndáil leis an gcóras intleachta saorga sin, ach amháin i ndáil lena

+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ... .

chomhtháthú sábháilte san innealra foriomlán, ionas nach gcuirfear sábháilteacht an innealra ina iomláine i mbaol.

CAIBIDIL II

## OIBLEAGÁIDÍ NA nOIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHA

*Airteagal 10*

***Oibleagáidí na monaróirí***

1. Agus táirge innealra á chur ar an margadh ag monaróirí, áiritheoidh siad gur dearadh agus go ndearnadh agus gur tógadh é i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Sula gcuirfear táirge innealra ar an margadh, dréachtóidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV (‘doiciméadacht theicniúil’) agus déanfaidh siad na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 21 nó in Airteagal 22 nó socróidh siad go ndéanfar iad.

   I gcás inar léiríodh leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta go gcomhlíonann táirge innealra na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III, dréachtóidh monaróirí dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 18 agus greamóidh siad an comhartha CE de i gcomhréir le hAirteagal 20, ach amháin i gcás innealra nach bhfuil ach páirtchríochnaithe.

3. Déanfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais, más ábhartha, a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh go ceann deich mbliana tar éis an táirge innealra a chur ar an margadh. I gcás inarb ábhartha, déanfar an cód foinse nó an loighic chlársceidealaithe a áirítear sa doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil ar iarraidh réasúnaithe ó na húdaráis náisiúnta inniúla ar choinníoll go bhfuil gá leis chun go mbeadh na húdaráis sin in ann a sheiceáil go bhfuil na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta ann ionas go bhfanfaidh táirgí innealra an Aontais, ar cuid iad de tháirgeadh sraithe, i gcomhréir leis an Rialachán seo. Cuirfear san áireamh go leordhóthanach athruithe ar an bpróiseas táirgthe nó ar dhearadh nó ar shaintréithe an táirge innealra agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 17 ar faoina dtreoir a dhéantar comhréireacht an táirge innealra a dhearbhú nó trína bhfeidhmiú a fhíoraítear a chomhréireacht.

   Nuair a mheastar é a bheith iomchuí maidir leis na rioscaí a bhaineann le táirgí innealra, déanfaidh monaróirí, chun sláinte agus sábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh a chosaint, tástáil shamplach ar tháirgí innealra atá curtha ar fáil ar an margadh nó atá curtha i seirbhís, gearáin a imscrúdú agus, más gá, clár gearán a choinneáil, maidir le táirgí innealra neamh-chomhréireacha agus táirgí innealra a aisghaireadh, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi fhaireachán den sórt sin.

5. Áiritheoidh monaróirí go bhfuil uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir nó eilimint eile lenar féidir é a shainaithint ar na táirgí innealra a chuireann siad ar an

margadh, nó, i gcás nach féidir a leithéid a dhéanamh de bharr mhéid nó chineál an táirge innealra, go gcuirtear an fhaisnéis is gá ar an bpacáistíocht nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge innealra.

6. Déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a chur in iúl ar an táirge innealra nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, ar phacáistíocht an táirge innealra nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge innealra. Luafar sa seoladh pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint gan stró.

7. Áiritheoidh monaróirí go bhfuil ag gabháil leis na táirge innealra na treoracha agus an fhaisnéis eile a leagtar amach i roinn 1.7 d'Iarscríbhinn III agus iad i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh eile a thuiscint gan stró, de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha agus an fhaisnéis sin soiléir, intuigthe, intuisceana agus inléite.

8. Cuirfidh monaróirí an dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais ar fáil leis an táirge innealra nó áireoidh sé sna treoracha agus san fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 1.7 d'Iarscríbhinn III an seoladh idirlín ar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta de chuid Aontais.

9. Monaróirí a mheasann nó a bhfuil údar acu lena chreidiúint nach bhfuil an táirge innealra, atá curtha ar an margadh acu nó atá curtha i seirbhís acu, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, déanfaidh siad láithreach na bearta ceartaitheacha is gá chun an t-innealra sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina mbeidh riosca ag baint leis an táirge innealra, cuirfidh monaróirí é sin in iúl gan mhoill d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an táirge innealra ar fáil ar an margadh, agus tabharfaidh siad sonraí, go háirithe, faoin neamh-chomhréireacht agus faoi aon bheart ceartaitheach atá déanta.

10. Déanfaidh monaróirí, sa bhreis ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht theicniúil uile is gá, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, a sholáthar don údarás sin chun comhréireacht an táirge innealra leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a léiriú, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró. Comhoibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, ar iarraidh uaidh, maidir le haon bheart a dhéanfar chun na rioscaí a chealú a bhaineann le táirge innealra atá curtha ar an margadh nó curtha i seirbhís acu.

*Airteagal 11*

**Ionadaithe údaraithe**

1. Féadfaidh an monaróir, trí bhíthin sainordú i scríbhinn, ionadaí údaraithe a cheapadh.

Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 10(1) agus an oibleagáid maidir leis an doiciméadacht theicniúil a dhréachtú mar chuid de shainordú an ionadaí údaraithe.

2. Is ionadaí údaraithe a dhéanfaidh na cúraimí a shonrófar sa sainordú a gheofar ón monaróir. Ceadófar leis an sainordú don ionadaí údaraithe na nithe seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

(a) an dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais agus an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis náisiúnta faireachais margaidh go ceann tréimhse deich mbliana tar éis an táirge innealra a chur ar an margadh;

(b) tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun comhréireacht an táirge innealra a léiriú;

(c) obair i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla, ar iarraidh uathu, maidir le haon bheart atá le déanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirge innealra a chumhdaítear faoi shainordú an ionadaí údaraithe.

*Airteagal 12*

***Oibleagáidí na n-allmhaireoirí***

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach táirgí innealra a chomhlíonann na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Sula gcuirfidh allmhaireoirí táirge innealra ar an margadh, áiritheoidh siad go bhfuil na nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 21 nó Airteagal 22 curtha i gcrích ag an monaróir. Áiritheoidh siad go bhfuil an doiciméadacht theicniúil dréachtaithe ag an monaróir, go bhfuil marcáil CE dá dtagraítear in Airteagal 19 ar an táirge innealra agus go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear ag gabháil leis agus go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(5) agus (6) comhlíonta ag an monaróir.

I gcás ina measfaidh allmhaireoir, nó má tá cúis aige lena chreidiúint nach bhfuil táirge innealra i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ní chuirfidh an t-allmhaireoir ar an margadh é go dtí go mbeidh sé tugtha i gcomhréireacht. Thairis sin, i gcás ina mbainfidh riosca leis na táirgí innealra a chuireann sláinte nó sábháilteacht daoine i mbaol agus, más iomchuí, a chuireann sábháilteacht ainmhithe clóis agus slándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, cosaint an chomhshaoil i mbaol.

3. Déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a chur in iúl ar an táirge innealra nó, i gcás nach mbeidh sé sin indéanta, ar phacáistíocht an táirge innealra nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge innealra. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint gan stró.

4. Áiritheoidh allmhaireoirí go bhfuil ag gabháil leis an táirge innealra na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i roinn 1.7 d'Iarscríbhinn III agus iad i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh eile a thuiscint gan stró, de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad atá an táirge innealra faoina gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair difear dá chomhréireacht leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

6. Nuair a mheastar é a bheith iomchuí maidir leis na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, ó tháirge innealra, déanfaidh allmhaireoirí tástáil shamplach ar na táirgí innealra a chuirfear ar fáil ar an margadh, imscrúdóidh siad gearáin agus, más gá, coimeádfaidh siad clár gearán maidir le táirgí innealra neamhchomhréireacha agus táirgí innealra a aisghaireadh, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi aon fhaireachán den sórt sin.

7. I gcás allmhaireoirí a mheasann nó a bhfuil údar acu lena chreidiúint nach gcomhlíonann táirge innealra, atá curtha ar an margadh acu, na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge innealra sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an táirge innealra ina riosca do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine, agus i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, cuirfidh allmhaireoirí é sin in iúl láithreach d’údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an táirge innealra ar fáil ar an margadh, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhréireacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

8. Déanfaidh allmhaireoirí, go ceann deich mbliana ó cuireadh táirge innealra ar an margadh, cóip den dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a choinneáil ar fáil do na húdaráis faireachais margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis sin. I gcás inarb ábhartha, déanfar an cód foinse nó an loighic chlársceidealaithe a áirítear sa doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil ar iarraidh réasúnta ó na húdaráis náisiúnta inniúla ar choinníoll gur gá sin chun go mbeidh na húdaráis sin in ann a sheiceáil go bhfuil na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh.

9. Sa bhreis ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, ar fáil don údarás sin chun a léiriú go bhfuil an táirge innealra i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, ar iarraidh uaidh, maidir le haon bheart a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, más iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis, do shlándáil réadmhaoine agus, más infheidhme, do chosaint an chomhshaoil a bhaineann le táirge innealra, atá curtha ar an margadh acu.

*Airteagal 13*

***Oibleagáidí na ndáileoirí***

1. Agus táirge innealra á chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí leis an gcúram is cuí maidir le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Sula gcuirfidh dáileoirí táirge innealra ar fáil ar an margadh, fíoróidh siad an méid seo a leanas:

   (a) go bhfuil an comhartha CE ar an táirge innealra;

(b) go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear agus na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i roinn 1.7 d'Iarscríbhinn III ag gabháil leis an táirge innealra, i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh sa Bhallstát ina gcuirfear an táirge innealra ar fáil ar an margadh a thuiscint gan stró;

(c) gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(5) agus (6) agus in Airteagal 12(3) faoi seach.

3. I gcás ina measfaidh táirge innealra, nó má tá cúis aige lena chreidiúint nach bhfuil táirge innealra i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ní chuirfidh an dáileoir an táirge innealra ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha i gcomhréireacht. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an táirge innealra ina riosca do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, cuirfidh an dáileoir an monaróir agus na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin.

4. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá an táirge innealra faoina gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair difear dá chomhréireacht leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Dáileoirí a mheasann nó a bhfuil údar acu lena chreidiúint nach bhfuil táirge innealra, a chuir siad ar fáil ar an margadh, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, áiritheoidh siad go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge innealra sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an táirge innealra ina riosca do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine, agus i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, cuirfidh allmhaireoirí é sin in iúl láithreach d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an táirge innealra ar fáil ar an margadh, agus tabharfaidh siad mionsonraí chuige sin faoin neamhchomhréireacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

6. Sa bhreis ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, ar fáil don údarás sin chun a léiriú go bhfuil an táirge innealra i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró. Comhoibreoidh siad leis an údarás sin, ar iarraidh uaidh, maidir le haon bheart a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht daoine agus, más iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis, do shlándáil réadmhaoine agus, más infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, a bhaineann le táirge innealra, atá curtha ar fáil ar an margadh acu.

*Airteagal 14*

***Cásanna ina mbaineann oibleagáidí monaróirí le hallmhaireoirí agus le dáileoirí***

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach in Airteagal 10 i gcás ina gcuirfidh an t-allmhaireoir nó an dáileoir sin táirge innealra ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc nó i gcás ina ndéanfaidh sé modhnú substaintiúil ar tháirge innealra a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i seirbhís cheana.

*Airteagal 15*

***Cásanna eile ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí***

Measfar duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas an monaróir, an t-allmhaireoir nó an dáileoir, a dhéanann modhnú substaintiúil ar an táirge innealra, a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach in Airteagal 10 i gcás na coda den táirge innealra dá ndéanann an modhnú difear nó, má tá tionchar ag an modhnú substaintiúil ar shábháilteacht an innealra ina iomláine, i gcás an táirge innealra ina iomláine.

*Airteagal 16*

***Sainaithint oibreoirí eacnamaíocha***

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, ar iarraidh sin, an méid seo a leanas a chur in iúl do na húdaráis faireachais margaidh:
   (a) aon oibreoir eacnamaíoch a bhfuil táirge innealra soláthartha aige dóibh;
   (b) aon oibreoir eacnamaíoch a bhfuil táirge innealra soláthartha acu dó.
2. Beidh oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur i láthair go ceann deich mbliana tar éis an táirge innealra a sholáthar dóibh agus go ceann deich mbliana tar éis dóibh an táirge innealra a sholáthar.

CAIBIDIL III

**COMHRÉIREACHT AN INNEALRA**

*Airteagal 17*

***Toimhde maidir le comhréireacht táirgí innealra***

1. Toimhdeofar go bhfuil táirge innealra atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh, ar foilsíodh a thagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó ag codanna díobh.
2. Iarrfaidh an Coimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú le haghaidh na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
   (a) nach bhfuil aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(b) gur iarr an Coimisiún ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú le haghaidh na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta agus go bhfuil moill mhíchuí sa nós imeachta um chaighdeánú nó nár ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3).

4. Toimhdeofar go bhfuil táirge innealra atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla nó codanna díobh i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chumhdaítear leis na sonraíochtaí teicniúla sin nó le codanna díobh.

5. Toimhdeofar go bhfuil na táirgí innealra a deimhníodh nó ar eisíodh ráiteas comhréireachta ina leith faoi scéim cibearshlándála a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/881 agus ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta 1.1.9 agus 1.2.1 a leagtar amach in Iarscríbhinn III maidir le cosaint i gcoinne éillithe agus sábháilteachta agus iontaofacht na gcóras rialaithe a mhéid a chumhdaítear go dtí seo leis an deimhniú cibearshlándála nó leis an ráiteas comhréireachta nó le codanna de na ceanglais sin.

*Airteagal 18*

***Dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais***

1. Sonrófar sa dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais gur léiríodh go bhfuil ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh.

2. Leanfaidh an dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais an struchtúr samplach a leagtar amach in Iarscríbhinn V, áireofar ann na gnéithe a shonraítear sna modúil ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinní VI, VII, VIII agus IX agus tabharfar é cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Aistreofar é go dtí an teanga nó go dtí na teangacha a éilíonn an Ballstát ina ndéantar an táirge innealra a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

3. I gcás ina mbeidh an táirge innealra faoi réir gníomh amháin nó níos mó de chuid an Aontais lena n-éilítear dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais, dréachtófar dearbhú comhréireachta aonair de chuid an Aontais maidir le gach gníomh den sórt sin de chuid an Aontais. Beidh sainaithint na ngníomhartha de chuid an Aontais lena mbaineann sa dearbhú, lena n-áirítear a dtagairtí foilseacháin.

4. Le dréachtú dhearbhú comhréireachta an Aontais, gabhfaidh an monaróir freagracht chuige féin as an táirge innealra a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 19*

***Prionsabail ghinearálta mharcáil CE***

Beidh marcáil CE faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

*Airteagal 20*

***Rialacha maidir leis an gcomhartha CE a ghreamú***

1. Greamófar an mharcáil CE go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta den táirge innealra. Mura féidir é sin a dhéanamh nó mura bhfuil gá leis mar gheall ar chineál an táirge innealra, greamófar den phacáistíocht é agus de na doiciméid a ghabhann leis an táirge innealra.

2. Greamófar an mharcáil CE sula gcuirfear an táirge innealra ar an margadh.

3. Maidir leis an táirge innealra a bhfuil comhlacht dá dtugtar fógra rannpháirteach ina mheasúnú comhréireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, cuirfear uimhir aitheantais an chomhlachta sin dá dtugtar fógra i ndiaidh an chomhartha CE.

   Is é an comhlacht féin a ghreamóidh uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra, sin nó an monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra, ach treoir chuige sin a fháil ón gcomhlacht sin.

4. Féadfar picteagram nó marcáil eile lena léirítear riosca nó úsáid ar leith a chur i ndiaidh chomhartha CE agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais an chomhlachta dá dtugtar fógra.

5. Forbróidh na Ballstáit na sásraí atá ann cheana lena áirithiú go gcuirfear an córas lena rialaítear marcáil CE i bhfeidhm i gceart agus gníomhóidh siad go hiomchuí i gcás ina mbainfear úsáid mhíchuí as an marcáil sin.

CAIBIDIL IV

## MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

*Airteagal 21*

***Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta maidir le táirgí innealra seachas innealra páirtchríochnaithe***

1. Chun a dheimhniú go gcomhlíonann táirge innealra an Rialachán seo, cuirfidh an monaróir nó a ionadaí údaraithe agus an duine a rinne modhnú substaintiúil ar an táirge innealra, ceann de na nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh measúnú comhréireachta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

2. I gcás inar táirge innealra ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn I é táirge innealra ardriosca, déanfaidh monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra agus an duine a bhfuil modhnú substaintiúil déanta aige ar cheann de na nósanna imeachta ceann amháin de na nósanna imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

   (a) cineálscrúdú de chuid an Aontais (modúl B) dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII de réir cineál-chomhréireacht bunaithe ar rialú táirgthe inmheánach (modúl C) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

   (b) Comhréireacht bunaithe ar dhearbhú cáilíochta iomlán (modúl H), a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

3. I gcás nach táirge innealra ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn I é an táirge innealra, is é an monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra agus an duine a bhfuil modhnú

substaintiúil déanta aige ar an táirge innealra a chuirfidh i bhfeidhm an nós imeachta rialaithe táirgthe (modúl A) a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Comhlachtaí dá dtugtar fógra, cuirfidh siad leasanna agus riachtanais shonracha fiontair bheaga agus mheánmhéide san áireamh nuair a bheidh na táillí le haghaidh measúnú comhréireachta á socrú acu agus laghdóidh siad na táillí sin i gcomhréir lena leasanna agus lena riachtanais shonracha.

*Airteagal 22*

***Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta maidir le hinnealra atá páirtchríochnaithe***

1. Is é monaróir an innealra páirtchríochnaithe nó ionadaí údaraithe an mhonaróra a áiritheoidh, sula gcuirfear innealra páirtchríochnaithe ar an margadh, go ndréachtófar na doiciméid seo a leanas:

(a) an doiciméadacht theicniúil ábhartha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gcuid B d'Iarscríbhinn IV;

(b) treoracha cóimeála a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn X;

(c) dearbhú corpraithe an Aontais a bhfuil struchtúr na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn V aige.

2. I gcás inarb ábhartha, is é monaróir an innealra páirtchríochnaithe nó ionadaí údaraithe an mhonaróra a dhéanfaidh an cód foinse nó an loighic chlársceidealaithe a áirítear sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) a chur ar fáil don údarás náisiúnta inniúil ar iarraidh réasúnta uaidh ar choinníoll gur gá sin chun go mbeidh an t-údarás sin in ann a sheiceáil go bhfuil na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh. Beidh treoracha cóimeála dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus an dearbhú ionchorpraithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ag gabháil leis an innealra páirtchríochnaithe go dtí go mbeidh sé ionchorpraithe sa táirge innealra deiridh agus beidh na treoracha sin ina gcuid de chomhad teicniúil le haghaidh an táirge innealra sin ina dhiaidh sin.

*Airteagal 23*

***Daoine a chosaint agus innealra á shuiteáil agus á úsáid***

Féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos chun a áirithiú go gcosnófar daoine, lena n-áirítear oibrithe, agus táirgí innealra á suiteáil agus á n-úsáid acu, ar choinníoll nach gceadaítear leis na rialacha sin táirge innealra a mhodhnú ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL V

## FÓGRA A THABHAIRT MAIDIR LE COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

### *Airteagal 24*

### ***Fógra a thabhairt***

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a údaraítear chun measúnú comhréireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

### *Airteagal 25*

### ***Na húdaráis a thugann fógra***

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a thugann fógra a bheidh freagrach as na nósanna imeachta is gá a bhunú agus a dhéanamh maidir le measúnú ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bheidh freagrach as fógra a thabhairt dóibh agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra, lena n-áirítear comhlíonadh Airteagal 32.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh comhlacht creidiúnúcháin náisiúnta, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gcomhréir leis, an measúnú agus an faireachán dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás a thugann fógra an measúnú, an fógra nó an faireachán dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a tharmligean chuig comhlacht nó a chur ar iontaoibh comhlachta nach eintiteas rialtais é, beidh an comhlacht sin ina eintiteas dlíthiúil a chomhlíonfaidh, *mutatis mutandis*, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26. Anuas air sin, beidh socruithe ag an gcomhlacht sin chun dliteanais a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí a chumhdach.

4. Glacfaidh an t-údarás a thugann fógra freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann an comhlacht dá dtagraítear i mír 3.

### *Airteagal 26*

### ***Na ceanglais i dtaca leis na húdaráis a thugann fógra***

1. Bunófar údarás a thugann fógra ar dhóigh nach mbeidh aon choinbhleacht leasa ann leis na comhlachtaí um measúnú comhréireachta.

2. Déanfar an t-údarás a bhfuil air fógra a thabhairt a eagrú agus a oibriú ar dhóigh a chaomhnóidh oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a chuid gníomhaíochtaí.

3. Eagrófar údarás a thugann fógra ar dhóigh a áiritheoidh go ndéanfaidh daoine inniúla, nach iad a rinne an measúnú, gach aon chinneadh a bhaineann le fógra a thabhairt do chomhlacht um measúnú comhréireachta.

4. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh údarás a thugann fógra aon ghníomhaíocht a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta, ná aon seirbhís comhairleachta ar bhonn tráchtála ná ar bhonn iomaíoch.

5. Coimirceoidh údarás a thugann fógra rúndacht na faisnéise a fhaigheann sé.

6. Beidh a dhóthain ball foirne inniúil ar fáil don údarás a thugann fógra le go bhféadfaidh sé a chuid cúraimí a dhéanamh mar is cuí.

*Airteagal 27*

***Oibleagáid faisnéise ar údaráis a thugann fógra***

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, maidir le fógra a thabhairt do na comhlachtaí sin agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra, agus faoi aon athrú ar aon cheann acu sin.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

*Airteagal 28*

***Ceanglais a bhaineann le comhlachtaí dá dtugtar fógra***

1. Chun críocha fógra a thabhairt, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 11.

2. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit agus beidh pearsantacht dhlíthiúil aige.

3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an táirge innealra ar a ndéanann sé measúnú.

   Féadfar a mheas gur comhlacht um measúnú comhréireachta é comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais a bhíonn ag plé le dearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil táirgí innealra a ndéanann sé measúnú orthu, ar an gcoinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

4. Ní hé dearthóir, monaróir, soláthraí, suiteálaí, ceannaitheoir, úinéir, úsáideoir nó cothabhálaí an táirge innealra a bheidh á mheasúnú acu, ná ionadaí aon duine de na páirtithe sin, a bheidh i gceist leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta, lena lucht bainistíochta ardleibhéil ná leis an bpearsanra a bheidh freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a chomhlíonadh. Ní chuirfidh sin bac ar úsáid táirge innealra is gá le haghaidh oibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta ná ar úsáid táirge innealra chun críocha pearsanta.

   Ní bheidh baint dhíreach ag comhlacht um measúnú comhréireachta, ag a bhainisteoirí barrleibhéil agus ag an bpearsanra atá freagrach as cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh le táirgí innealra a dhearadh, a mhonarú, a mhargú, a úsáid ná a chothabháil, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar aon cheann de na páirtithe sin atá i mbun na ngníomhaíochtaí sin. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d’fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais ná a n-ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta dá dtugtar fógra ina leith. Beidh feidhm aige sin go háirithe maidir le seirbhísí comhairleachta.

Áiritheoidh comhlacht um measúnú comhréireachta nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a fhochuideachtaí ná a fhochonraitheoirí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht ná do neamhchlaontacht a ghníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta.

5. Déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta agus a phearsanra na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta leis an ard-ionracas gairmiúil agus leis an inniúlacht theicniúil a bhíonn riachtanach sa réimse sonrach agus beidh sé saor ó gach brú agus mealladh, go háirithe ó thaobh airgid de, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a bhreithiúnas nó ar thorthaí a ghníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe maidir le brú agus mealladh ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta in acmhainn na gníomhaíochtaí uile um measúnú comhréireachta a dhéanamh a luaitear in Iarscríbhinní VII, VIII agus IX agus ar tugadh fógra dó i ndáil leo, cibé acu an é an comhlacht um measúnú comhréireachta féin a chomhlíonfaidh na cúraimí sin nó an ndéantar iad thar a cheann agus ar a fhreagracht féin.

Beidh na nithe seo a leanas is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta i gcónaí, agus le haghaidh gach nóis imeachta um measúnú comhréireachta agus gach cineál táirge innealra ar tugadh fógra dó i ndáil léi:

(a) pearsanra ag a bhfuil an t-eolas teicniúil agus taithí leordhóthanach iomchuí chun na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh;

(b) tuairiscí ar nósanna imeachta a ndéantar measúnú comhréireachta i gcomhréir leo, lena n-áiritheofar trédhearcacht na nósanna imeachta sin agus an cumas iad a atáirgeadh;

(c) beartais agus nósanna imeachta iomchuí chun idirdhealú a dhéanamh idir gníomhaíochtaí a dhéanann sé mar chomhlacht dá dtugtar fógra agus gníomhaíochtaí eile;

(d) na nósanna imeachta is gá maidir le feidhmiú na ngníomhaíochtaí ina dtugtar aird chuí ar mhéid gnóthais, ar an earnáil ina bhfuil sé, ar a struchtúr, ar a chasta atá an teicneolaíocht innealra atá i gceist agus mais an phróisis táirgeachta nó cineál srathach an phróisis sin.

Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí uile is gá.

7. Beidh na hinniúlachtaí seo a leanas ag an bpearsanra atá freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh:

(a) oiliúint mhaith ghairme agus theicniúil ina gcumhdaítear na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta uile a bhfuil fógra tugtha don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith;

(b) eolas sásúil ar cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás leordhóthanach chun na measúnuithe sin a dhéanamh;

(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ar na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 17, agus ar

fhorálacha ábhartha reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais agus ar reachtaíocht náisiúnta;

(d) an cumas deimhnithe, taifid agus tuarascálacha a dhréachtú lena léireofar go ndearnadh measúnuithe comhréireachta.

8. Ráthófar neamhchlaontacht comhlachta um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta ardleibhéil agus an phearsanra a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh.

Ní bhraithfidh luach saothair an lucht bainistíochta ardleibhéil agus an phearsanra a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar an líon measúnuithe comhréireachta a dhéantar ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

9. Beidh árachas dliteanais ag comhlacht um measúnú comhréireachta mura nglacann an Ballstát an dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó mura bhfuil an Ballstát féin freagrach as an measúnú comhréireachta.

10. Déanfaidh pearsanra comhlachta um measúnú comhréireachta rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus iad ag déanamh na ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hIarscríbhinní VII, VIII agus IX, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar a ghníomhaíochtaí. Déanfar cearta dílseánaigh, cearta maoine intleachtúla agus rúin trádála a chosaint.

11. Glacfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta páirt sna gníomhaíochtaí ábhartha um chaighdeánú agus i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordaithe an chomhlachta dá dtugtar fógra a bunaítear de bhun Airteagal 40, nó áiritheoidh comhlacht um measúnú comhréireachta go gcuirfear a phearsanra, a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh, ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí ábhartha um chaighdeánú agus feidhmeoidh an comhlacht um measúnú comhréireachta mar threoir ghinearálta na cinntí riaracháin agus na doiciméid riaracháin a tháirgtear de thoradh obair an ghrúpa comhordaithe sin.

*Airteagal 29*

***Toimhde comhréireachta comhlachtaí dá dtugtar fógra***

I gcás ina ndéanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta a léiriú go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó i gcodanna díobh, nithe a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go mbeidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 28 á gcomhlíonadh aige a mhéid a chumhdófar na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme.

*Airteagal 30*

***Fochuideachtaí agus fochonraitheoireacht comhlachtaí dá dtugtar fógra***

1. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht dá dtugtar fógra cúraimí sonracha i dtaca le measúnú comhréireachta a chur amach ar fochonradh nó i gcás ina bhféadfaidh an comhlacht dul ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sé go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 28 agus cuirfidh sé an t-údarás a thugann fógra ar an eolas faoi sin dá réir.

2. Glacfaidh comhlachtaí dá dtugtar fógra freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann fochonraitheoir nó fochuideachta cibé áit ina mbeidh siad bunaithe.

3. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí a chur amach ar fochonradh ná ní fhéadfar fochuideachta dul ina mbun gan toiliú an chliaint.

4. Coinneoidh comhlachtaí dá dtugtar fógra ar fáil don údarás a thugann fógra na doiciméid ábhartha a bhaineann le measúnú ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus leis an obair a dhéanann siad faoi Iarscríbhinní VII, VIII agus IX.

*Airteagal 31*

***Iarratas ar fhógra***

1. Déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta iarratas ar fhógra a chur faoi bhráid an údaráis a thugann fógra sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe.

2. Beidh tuairisc ar na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta in éineacht leis an iarratas ar fhógra, agus tuairisc ar na modúil um measúnú comhréireachta a leagtar amach in Iarscríbhinní VII, VIII agus IX agus ar an táirge innealra dá maíonn an comhlacht um measúnú comhréireachta a bheith inniúil, chomh maith le deimhniú creidiúnaithe, más ann dó, a eisíonn comhlacht náisiúnta creidiúnaithe lena bhfianaítear go gcomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28.

3. I gcás nach féidir leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann deimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil, soláthróidh sé don údarás a thugann fógra an fhianaise dhoiciméadach uile is gá chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 28 a fhíorú, a aithint agus faireachán rialta a dhéanamh air.

*Airteagal 32*

***Nós imeachta maidir le fógra a thabhairt***

1. Ní fhéadfaidh údaráis a thugann fógra aon fhógra a thabhairt ach do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a mbeidh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28 comhlíonta acu.

2. Seolfaidh an t-údarás a thugann fógra chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit eile faoi gach comhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1 agus úsáid á baint as an uirlis leictreonach um fhógra a thabhairt, uirlis a fhorbraíonn agus a bhainistíonn an Coimisiún.

3. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra dá dtagraítear i mír 2:

   (a) sonraí iomlána na ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a bheidh le déanamh;

   (b) léiriú ar an modúl nó ar na modúil um measúnú comhréireachta agus ar na cineálacha innealra lena mbaineann;

   (c) fianú ábhartha na hinniúlachta.

4. I gcás nach mbeidh fógra bunaithe ar dheimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2), déanfaidh an t-údarás a thugann fógra fianaise dhoiciméadach a

sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit eile lena ndearbhaítear inniúlacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta mar aon leis na socruithe a bheidh i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar an gcomhlacht sin agus go leanfaidh sé de bheith ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 28.

5. Ní fhéadfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann gníomhaíochtaí comhlachta dá dtugtar fógra a fheidhmiú ach amháin mura ndéanann an Coimisiún ná na Ballstáit eile aon agóidí ina choinne laistigh de 2 sheachtain ó thráth bailíochtaithe an fhógra i gcás deimhniú creidiúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 31(2) a bheith ann nó laistigh de dhá mhí ó thráth déanta an fhógra i gcás fianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 31(3) a bheith san fhógra.

Ní mheasfar gur comhlacht dá dtugtar fógra chun críocha an Rialacháin seo aon chomhlacht nach comhlacht den sórt sin é.

6. An t-údarás a thugann fógra tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon athrú ábhartha ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 2 dá éis sin.

*Airteagal 33*

***Uimhreacha aitheantais agus liosta na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra***

1. Sannfaidh an Coimisiún uimhir aitheantais do chomhlacht dá dtugtar fógra.

Sannfaidh sé aon uimhir aitheantais amháin fiú i gcás ina dtabharfar fógra don chomhlacht faoi roinnt gníomhartha de chuid an Aontais.

2. Cuirfidh an Coimisiún an liosta comhlachtaí dá dtugtar fógra ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na huimhreacha aitheantais atá sannta dóibh agus na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta dár tugadh fógra dóibh.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar an liosta cothrom le dáta.

*Airteagal 34*

***Athruithe ar na fógraí***

1. I gcás ina bhfionnfaidh an t-údarás a thugann fógra nach bhfuil comhlacht dá dtugtar fógra ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 28 a thuilleadh nó go bhfuil an comhlacht ag mainneachtain a oibleagáidí mar a leagtar amach in Airteagal 35 a chomhlíonadh nó i gcás ina gcuirfear é sin in iúl dó, déanfaidh an t-údarás a thugann fógra an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, de réir thromchúis na mainneachtana na ceanglais sin a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

2. I gcás fógra a bheith srianta, curtha ar fionraí nó tarraingthe siar, nó i gcás deireadh a bheith curtha lena ghníomhaíocht ag an gcomhlacht dá dtugtar fógra, déanfaidh an t-údarás a thugann fógra bearta iomchuí chun a áirithiú go bpróiseálfaidh comhlacht eile dá dtugtar fógra comhaid an chomhlachta sin nó go gcoinneofar na comhaid sin ar fáil do na húdaráis a thugann fógra agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh a bheidh freagrach ar iarraidh uathu.

*Airteagal 35*

***Agóid in aghaidh inniúlacht na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra***

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás a bhfuil amhras air ina leith, nó a gcuirtear amhras ina leith in iúl dó, maidir le hinniúlacht comhlachta dá dtugtar fógra nó maidir leis an gcaoi a bhfuil comhlacht dá dtugtar fógra ag leanúint de bheith ag comhlíonadh na gceanglas agus na bhfreagrachtaí a bhfuil sé faoina réir.

2. Soláthróidh an t-údarás a thugann fógra, don Choimisiún, ar iarraidh uaidh, an fhaisnéis uile a bhaineann leis an mbonn leis an bhfógra nó le hinniúlacht an chomhlachta dá dtugtar fógra lena mbaineann a choinneáil ar bun.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go bpléifear le gach faisnéis íogair a fhaightear le linn a chuid imscrúduithe mar fhaisnéis atá rúnda.

4. I gcás ina bhfionnann an Coimisiún nach gcomhlíonann comhlacht dá dtugtar fógra na ceanglais maidir le fógra a thabhairt ina leith nó nach gcomhlíonann sé iad níos mó, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena n-iarrtar ar an mBallstát a thugann fógra na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar más gá.

   Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

*Airteagal 36*

***Oibleagáidí oibriúcháin na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra***

1. Déanfaidh comhlacht dá dtugtar fógra measúnuithe comhréireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach in Iarscríbhinní VII, VIII agus IX.

2. Feidhmeoidh comhlacht dá dtugtar fógra a ghníomhaíochtaí ar bhealach comhréireach, agus ualaí neamhriachtanacha d'oibreoirí eacnamaíocha á seachaint, agus aird chuí á tabhairt ar mhéid gnóthais, an earnáil ina bhfeidhmíonn an gnóthas, struchtúr an ghnóthais, a chasta atá an teicneolaíocht innealra atá i gceist, agus mais an phróisis táirgeachta nó cineál srathach an phróisis sin.

   Ar an gcaoi sin, urramóidh an comhlacht dá dtugtar fógra mar sin féin an méid smachta agus an leibhéal cosanta a éilítear go gcomhlíonfaidh an táirge innealra le ceanglais an Rialacháin seo.

3. I gcás ina bhfionnfaidh comhlacht dá dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais sláinte agus sábháilteachta riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III ná na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 17 ná sonraíochtaí teicniúla eile comhlíonta ag an monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir na bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú comhréireacht ná ní ghlacfaidh sé cinneadh formheasa

4. I gcás ina bhfionnfaidh comhlacht dá dtugtar fógra, i gcúrsa an fhaireacháin ar chomhréireacht tar éis do dheimhniú comhréireachta a bheith eisithe nó cinneadh formheasa a bheith glactha, nach bhfuil táirge innealra comhlíontach a thuilleadh, éileoidh sé ar an monaróir beart ceartaitheach iomchuí a dhéanamh agus cuirfidh sé

an deimhniú comhréireachta nó an cinneadh formheasa ar fionraí nó tarraingeoidh sé an deimhniú nó an cinneadh sin siar, más gá.

5. I gcás nach ndéanfar bearta ceartaitheacha nó i gcás nach mbeidh an éifeacht is gá leo, déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra aon deimhniú comhréireachta nó aon chinneadh formheasa a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 37*

***Achomharc in aghaidh chinntí na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra***

Áiritheoidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra go mbeidh nós imeachta achomhairc trédhearcach agus inrochtana ar fáil in aghaidh a gcuid cinntí.

*Airteagal 38*

***Oibleagáid faisnéise ar údaráis dá dtugtar fógra***

1. Cuirfidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra an méid seo a leanas in iúl don údarás a thugann fógra:

   (a) aon diúltú, srianadh, fionraí nó tarraingt siar i dtaca le deimhniú nó cinneadh formheasa;

   (b) aon toisc a dhéanann difríocht do raon feidhme nó do na coinníollacha maidir lena fhógra;

   (c) aon iarraidh ar fhaisnéis a gheobhaidh sé ó údaráis um fhaireachas margaidh maidir lena ghníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta;

   (d) má iarrtar sin, aon ghníomhaíocht um measúnú comhréireachta a fheidhmítear laistigh de raon feidhme a fhógra agus aon ghníomhaíocht eile dá bhfeidhmítear, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireacht.

2. Soláthróidh comhlacht dá dtugtar fógra faisnéis ábhartha maidir le saincheisteanna a bhaineann le torthaí diúltacha, agus, má iarrtar sin, torthaí dearfacha um measúnú comhréireachta do chomhlachtaí eile dá dtugtar fógra a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla um measúnú comhréireachta lena gcumhdaítear na cineálacha táirgí innealra céanna.

*Airteagal 39*

***Malartú taithí***

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát a bhíonn freagrach as beartas maidir le fógra a thabhairt.

*Airteagal 40*

***Comhordú na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra***

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear comhordú agus comhar iomchuí i bhfeidhm idir comhlachtaí dá dtugtar fógra agus go bhfeidhmeofar an comhordú agus comhar sin i gceart i bhfoirm grúpa earnála comhlachtaí dá dtugtar fógra.

Beidh comhlachtaí dá dtugtar fógra rannpháirteach in obair an ghrúpa sin, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.

CAIBIDIL VI

**FAIREACHAS AONTAIS AR MHARGAÍ, RIALÚ AR THÁIRGÍ INNEALLRA A THAGANN ISTEACH I MARGADH AN AONTAIS AGUS NÓS IMEACHTA COSANTA AN AONTAIS**

*Airteagal 41*

***Nós imeachta ar an leibhéal náisiúnta chun déileáil le táirgí innealra lena mbaineann riosca***

1. I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach ag údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca le táirge innealra a chumhdaítear leis an Rialachán seo do shláinte nó sábháilteacht daoine, agus i gcás inarb iomchuí, do shláinte agus sábháilteacht ainmhithe clóis nó do shlándáil réadmhaoine, agus i gcás inarb infheidhme, do chosaint an chomhshaoil, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an táirge innealra lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis faireachais margaidh chun na críche sin.

   I gcás ina bhfionnfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, le linn na meastóireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann an táirge innealra na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, éileoidh siad gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an táirge innealra a thabhairt chun comhréireachta leis na ceanglais sin, an táirge innealra a tharraingt siar ón margadh, nó é a aisghairm laistigh d’am réasúnta, a bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

   Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an comhlacht ábhartha dá dtugtar fógra ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina measfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh nach bhfuil an neamhchomhlíonadh srianta dá gcríoch náisiúnta, cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta agus faoi na gníomhaíochtaí a d’éiligh siad ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí i dtaca leis na táirgí innealra uile lena mbaineann a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais.

4. I gcás nach nglacann an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha beart ceartaitheach leordhóthanach laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an táirge innealra a chur ar fáil ar a margadh náisiúnta, chun an táirge innealra a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm.

Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na bearta sin.

5. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun táirge innealra neamhchomhlíontach a shainaithint, tionscnamh an táirge innealra sin, an cineál neamhchomhlíontachta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh. Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios go háirithe cibé ar tharla an neamhchomhlíonadh i ngeall ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) tá ag mainneachtain ar an táirge innealra na ceanglais maidir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chomhlíonadh;

(b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 17(1);

(c) easnaimh sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 17(4).

6. Déanfaidh na Ballstáit, cé is moite den Bhallstát a thionscnaíonn an nós imeachta faoin Airteagal seo, an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon bhearta atá glactha acu agus faoi aon fhaisnéis bhreise a bhfuil fáil acu uirthi maidir le neamhchomhlíonadh an táirge innealra lena mbaineann, agus, sa chás nach n-aontóidh siad leis an mbeart náisiúnta a glacadh, cuirfidh siad ar an eolas iad faoina n-agóidí.

7. Más rud é, laistigh de 3 mhí ón bhfaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 a fháil, nach ndéanann Ballstát ná an Coimisiún agóid in aghaidh beart sealadach a dhéanann Ballstát, measfar go bhfuil údar leis an mbeart sin.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta sriantacha iomchuí, amhail an táirge innealra a tharraingt siar ón margadh, i dtaca leis an táirge innealra lena mbaineann gan mhoill.

*Airteagal 42*

***Nós imeachta cosanta an Aontais***

1. Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 41(3) agus (4) a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh birt a ghlacann Ballstát, nó i gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, i bhfoirm cinnidh, lena gcinnfear cé acu a bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil.

Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl dóibh gan mhoill agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3).

2. Má mheastar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit eile na bearta is gá lena áirithiú go dtarraingítear an táirge innealra neamhchomhlíontach siar óna margadh, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Má mheastar nach bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, tarraingeoidh an Ballstát lena mbaineann an beart sin siar.

3. I gcás ina measfar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta agus go gceanglaítear neamhchomhlíonadh an táirge innealra le heasnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 41(5) den Rialachán seo, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i bhfeidhm.

*Airteagal 43*

***Táirgí innealra comhlíontacha lena mbaineann riosca***

1. I gcás ina bhfionnfaidh Ballstát, tar éis dó measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 41(1), cé go bhfuil an táirge innealra i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III, go mbaineann riosca leis do shláinte agus sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, do shábháilteacht ainmhithe clóis agus do shlándáil réadmhaoine agus, i gcás inarb iomchuí, do chosaint an chomhshaoil, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin a thuilleadh leis an táirge innealra lena mbaineann nuair a chuirtear ar an margadh é, an táirge innealra a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta atá i gcomhréir le cineál an riosca sin.

2. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar beart ceartaitheach maidir leis na táirgí innealra uile lena mbaineann atá curtha ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais ag an oibreoir eacnamaíoch.

3. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach. Áireofar san fhaisnéis sin na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun go sainaithneofaí na táirgí innealra lena mbaineann, tionscnamh agus slabhra soláthair an táirge innealra, an cineál riosca a bhaineann leis agus cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh.

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha gan mhoill agus déanfaidh sé meastóireacht ar na bearta náisiúnta a rinneadh. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, i bhfoirm cinnidh, lena gcinnfear cé acu an bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil, agus lena n-ordófar, más gá, bearta ceartaitheacha iomchuí.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3).

Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil bonn cirt leo agus a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 46(4).

5. Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

*Airteagal 44*

***Neamhchomhlíonadh foirmiúil***

1. Gan dochar d'Airteagal 41, i gcás ina bhfaighidh Ballstát amach gur tharla ceann de na nithe seo a leanas i ndáil le táirge innealra, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh lena mbaineann:

(a) greamaíodh an mharcáil CE de shárú ar Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó ar Airteagal 20 den Rialachán seo;

(b) nár feistíodh marcáil CE ar chor ar bith;

(c) tá uimhir aitheantais an chomhlachta dá dtugtar fógra a bhí ag gabháil don chéim rialaithe ar tháirgeacht greamaithe de shárú ar Airteagal 20(3) nó níor greamaíodh í;

(d) níor dréachtaíodh dearbhú comhréireachta an Aontais nó níor dréachtaíodh i gceart é;

(e) níl an doiciméadacht theicniúil ar fáil nó níl sí iomlán;

(f) maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(6) nó in Airteagal 12(3), níl sí ann, nó tá sí bréagach nó neamhiomlán;

(g) níor comhlíonadh aon cheanglas riaracháin eile dá bhforáiltear in Airteagail 10 nó 12.

2. I gcás ina leanfar den neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann gach beart iomchuí chun an táirge innealra a shrianadh nó a chosc óna chur ar an margadh nó lena áirithiú go ndéantar é a aisghairm nó a tharraingt siar ón margadh.

CAIBIDIL VII

**CUMHACHTAÍ THARMLIGTHE, AGUS NÓS IMEACHTA COISTE**

*Airteagal 45*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(2) agus 6(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ó... [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana sin. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe a ainmníonn gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(2) agus 6(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonraítear sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(2) agus 6(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 46*

***Nós imeachta coiste***

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

5. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gcoiste maidir le haon ábhar dá dteastaíonn comhairliúchán le saineolaithe earnálacha de réir Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 nó de réir aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

   Chomh maith leis sin, féadfaidh an coiste scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar eile i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar tharraing an cathaoirleach nó ionadaí de chuid Ballstáit anuas é i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

CAIBIDIL VIII

## RÚNDACHT AGUS PIONÓIS

*Airteagal 47*

### ***Rúndacht***

1. Urramóidh gach páirtí rúndacht na faisnéise agus na sonraí seo a leanas a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo:

   (a) Sonraí pearsanta;

   (b) faisnéis rúnda tráchtála agus rúin trádála atá ag duine nádúrtha nó ag duine dlítheanach, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla; ach amháin más ar mhaithe le leas an phobail é go nochtfar iad.

2. Gan dochar do mhír 1, faisnéis a mhalartaítear ar bhonn rúnda idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus an Coimisiún, ní nochtfar í gan réamhthoiliú ón údarás náisiúnta inniúil tionscnaimh.

3. Ní dhéanfaidh míreanna 1 ná 2 difear do chearta ná d'oibleagáidí an Choimisiúin, na mBallstát agus comhlachtaí dá dtugtar fógra maidir le malartú faisnéise agus scaipeadh rabhadh, ná d'oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann faisnéis a thabhairt faoin dlí coiriúil.

4. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis rúnda a mhalartú le húdaráis rialála tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó iltaobhacha tugtha i gcrích acu leo.

*Airteagal 48*

### ***Pionóis***

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo ag oibreoirí eacnamaíocha a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go bhforfheidhmeofar iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus d'fhéadfadh pionóis choiriúla as sáruithe tromchúiseacha a bheith i gceist leo.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus bearta sin faoi ... [*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

## CAIBIDIL IX

### *FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA*

*Airteagal 49*

***Aisghairmeacha***

1. Aisghairtear Treoir 73/361/CEE.

   Déanfar na tagairtí do Threoir Aisghairthe 73/361/CEE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

2. Déantar Treoir 2006/42/CE a aisghairm le héifeacht ó ... [30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

   Déanfar tagairtí do Threoir aisghairthe 2006/42/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 50*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní chuirfidh na Ballstáit bac go dtí ... [*42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] ar innealra a cuireadh ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2006/42/CE roimh [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] a chur ar fáil ar an margadh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil VI den Rialachán seo, áfach, maidir leis an innealra sin in ionad Airteagal 11 den Treoir sin, lena n-áirítear innealra a bhfuil nós imeachta tionscanta cheana féin ina leith faoi Airteagal 11 de Threoir 2006/42/CE amhail ón [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

2. Leanfaidh deimhnithe ar scrúdú cineáil CE agus cinntí formheasa a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2006/42/CE de bheith bailí go dtí [*42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], mura rachaidh siad in éag roimh an dáta sin.

*Airteagal 51*

***Meastóireacht agus athbhreithniú***

1. Faoin ... [*54 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí.

2. Agus dul chun cinn teicniúil agus taithí phraiticiúil a baineadh amach sna Ballstáit mar a léirítear in Airteagal 5 á gcur san áireamh, áireoidh an Coimisiún ina thuarascáil meastóireacht ar na gnéithe seo a leanas den Rialachán seo:

   (a) na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteacht a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

(b) an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le táirgí innealra ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn I.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú.

*Airteagal 52*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ... [30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*